2017

# Tuarascáil an Choiste a Ceapadh chun Monatóireacht a dhéanamh ar Éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha Óige

*Biúró Athstiúrtha Óige agus um Chosc ar Choireacht an Gharda Síochána*

AN GARDA SÍOCHÁNA
CEARNÓG FHEARCHAIR
SRÁID FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2

*Tá cóip den tuarascáil seo ar fáil ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána www.garda.ie agus ar láithreán gréasáin Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig www.iyjs.ie*

# CLÁR

## CUID I


Leathanach

**1.** Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Choiste 3

**2.** Léargas Ginearálta ar an gCoiste 4

**3.** Achoimre Feidhmiúcháin 5

**4.** An Próiseas Athstiúrtha Óige agus an Struchtúr ar Fud na Tíre 6

**5.** Comhoibriú Idirghníomhaireachta 8

**6.** Oiliúint a cuireadh ar Oifigigh Idirchaidrimh don Óige 9

**7.** Staitisticí Ginearálta don bhliain 2017 10

**8.** Ceartas Aisiríoch 20

**9.** Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána 22


## CUID II


**10.** Anailís ar Ógchoireacht 2013-2017 24


## CUID III


**11.** Forbairtí a rinneadh in 2017 ar Athstiúradh 27

**12.** Dúshláin agus Rioscaí roimh an gClár Athstiúrtha 29

**13.** Moltaí 30


## Aguisíní


**Aguisín A-** Anailís ar Ógchoireacht 2013-2017. Barry Coonan-Seirbhísí Anailíse an Gharda Síochána.2018 31

# CUID I

## 1. TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE



**A Choimisinéir, a chara,**

Is deas liom, mar chathaoirleach an Choiste Monatóireachta a ceapadh faoi alt 44(1) d'Acht na Leanaí, 2001, chun Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2017 a chur i láthair.

Seo mo dara bliain sa phost agus thug an ról an deis dom chun maoirseacht a dhéanamh ar agus idirchaidreamh a dhéanamh le comhaltaí Choiste Alt 44 agus an fhoireann ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (GYDO) chun oibriú le chéile lena chinntiú éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha.

Cruthaíonn an Clár Athstiúrtha deis uathúil don Gharda Síochána chun idirchaidreamh a dhéanamh le daoine óga agus treoir agus tacaíocht a sholáthar dóibh chun dul i ngleic lena n-iompar agus roghanna dearfacha a dhéanamh. Uirlis ríthábhachtach um chosc na coireachta atá sa Chlár agus is sócmhainn thábhachtach í don Gharda Síochána. I mo ról mar Chathaoirleach an Choiste, is mian liom béim a leagan ar an tsárobair atá á déanamh acu siúd go léir atá bainteach in oibriú an Chláir Athstiúrtha ar bhonn laethúil agus tiomantas leanúnach an Gharda Síochána a chinntiú chun tacú leis an gClár chun na leibhéil is airde de cháilíocht agus éifeachtacht a bhaint amach.

Comhlíonann an Coiste Monatóireachta ról tábhachtach chun tacaíocht a sholáthar don Chlár Athstiúrtha agus don GYDO chun limistéir a shainaithint ar féidir feabhas a chur orthu agus bealaí a mholadh lena chinntiú go leanann an Clár Athstiúrtha a bheith mar bhealach éifeachtach chun leanaí a athstiúradh ón gcoireacht agus ón gcóras dlí choiriúil. Léirítear i dTuarascáil Bhliantúil 2017 gníomhaíochtaí an Choiste Mhonatóireachta agus an Chláir Athstiúrtha i rith 2017. Leagtar béim inti na forbairtí a rinneadh i rith na bliana agus aithnítear na dúshláin agus na rioscaí reatha atá ann don Chlár Athstiúrtha agus tugtar staitisticí inti maidir le hoibriú an Chláir i rith na bliana. Sa chomhthéacs seo, tá de chuspóir an athbhreithnithe leanúnaigh agus reatha measúnú domhain a chur i gcrích ar roinnt gnéithe den chlár agus tugann táscairí eatramhacha le fios go gcruthóidh saincheisteanna atá ag teacht chun cinn dúshláin bhreise shuntasacha amach anseo. Tá monatóireacht dhlúth á déanamh ar na saincheisteanna seo agus tá súil le tuiscint agus tuarascáil iomlán go déanach in 2018. I ndiaidh monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha i gcaitheamh 2017 trí chruinnithe an Choiste agus idirchaidreamh leis an GYDO, leagadh roinnt moltaí amach don bhliain 2018.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha, an Ceannfort Yvonne Murphy, an fhoireann ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána agus gach Oifigeach Idirchaidrimh don Óige ar fud na tíre as a dtiomantas leanúnach d'athstiúradh óige i gcaitheamh 2017. Is mian liom buíochas a ghabháil, chomh maith, le Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána as Staitisticí 2017 a sholáthar agus as a n-iarrachtaí chun an tuarascáil a thabhairt chun críche *Anailís ar Ógchoireacht 2013-2017.*

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí Choiste Monatóireachta Alt 44; an Dr Jennifer Carroll MacNeill, an tUasal Eddie D'Arcy agus an rúnaí leis an gCoiste, an Garda Sarah McIntyre, as a n-iarrachtaí agus a dtiomantas i gcaitheamh na bliana.



Coimisinéir Cúnta

PATRICK LEAHY

# 2. LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN GCOISTE

**Foráiltear le hAlt 44 d'Acht na Leanaí, 2001** go gceaptar Coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha. Baineann téarmaí tagartha an Choiste le:

- monatóireacht ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha.
- athbhreithniú ar gach gné dá oibriú.
- monatóireacht ar gach éileamh oiliúna leanúnach de chuid na n-éascaitheoirí.
- tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána i leith a ghníomhaíochtaí i rith na bliana.

**Is iad tascanna an Choiste ná chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- scrúdú a dhéanamh ar bhainistiú agus soláthar éifeachtach an Chláir Athstiúrtha.
- dea-chleachtais a aithint nuair a bhíonn an Clár á riar.
- measúnú a dhéanamh ar na dea-chleachtais d'oiliúint áisitheoirí agus chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar oiliúna.
- modheolaíochtaí a chur i bhfeidhm chun meastóireacht agus tomhas a dhéanamh ar éifeachtacht an

**Is iad comhaltaí reatha an Choiste:**



Tá **an Coimisinéir Cúnta Pat Leahy** freagrach as Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath chomh maith lena shainchúram um Rannpháirtíocht Pobail agus Sábháilteacht Phoiblí lena n-áirítear na portfóiliónna ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, Lárionad Sármhaitheasa na hOifige Náisiúnta um Phóilíneacht Phobail agus Biúró an Gharda Síochána um Ilchineálacht Phobail agus Imeascadh. Ceapadh é mar Chathaoirleach an Choiste Mhonatóireachta in 2017.



Is oibrí óige gairmiúil é **Eddie D'Arcy** a bhfuil taithí de bhreis ar 35 bliain aige, lena n-áirítear 15 bliana mar bhainisteoir ar Sheirbhís Óige Bhaile Uí Rónáin agus 6 bliana mar Cheann Seirbhísí Oibre don Óige le Cúram don Óige Chaitliceach. Ba eisean a d'fhorbair an chéad Tionscadal Athstiúrtha Óige de chuid an Gharda Síochána (GRAFT). Tá sé ina léachtóir faoi láthair leis an Obair don Óige ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus tá sé ag oibriú le Tionscadal Compass a thacaíonn le ciontóirí óga i ndiaidh go scaoiltear iad ón bpríosún.



Abhcóide í **an Dr Jennifer Carroll MacNeill** agus b'aturnae agus eolaí polaitiúil í roimhe seo. Comhúdar í le 'The Children Court: A National Study', a d'fhoilsigh an Cumann um Thaighde agus Fhorbairt Ceartais Choiriúil in 2007. D'oibrigh sí sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ceapadh í leis an gCoiste Monatóireachta i nDeireadh Fómhair 2015.

# 3. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

## Sracfhéachaint ar staitisticí

Tháinig méadú in **2017** ar atreoruithe óige chuig an gClár Athstiúrtha aníos go dtí 20,006 ó 17,615 in 2016. Tháinig méadú ar an gcomhréir d'Fholáirimh Neamhfhoirmiúla.

Agus tháinig laghdú ar Fholáirimh Aisiríocha idir 2016 agus 2017, agus bhí catagóirí eile cosúil go maith le leibhéil na bliana seo caite. Measadh go raibh 1,402 leanbh mí-oiriúnach don Chlár in 2017, ar méadú 12% é seo ar iomlán 2016 1,249 - bunaithe ar an atreorú is déanaí a fuarthas. B'ionann an chomhréir leanaí a measadh a bhí mí-oiriúnach don Chlár agus 13% in 2017, nár athraigh ó 2016 ar aghaidh.

I ndiaidh gur iarr an Coiste, thug Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána faoi anailís dhomhain ar ógchoireacht don tréimhse 2013-2017. Leagadh béim ar leith san anailís ar Choireacht "Tionchair" a dhéantar a chatagóiriú mar Bhuirgléireacht, Robáil, Drugaí a Dhíol agus a Sholáthar agus Ionsaí is Cúis le Díobháil. Rinneadh na cionta seo a nascadh le gach focheantar den Gharda Síochána inar tharla siad, a leagann an bhéim ar limistéir thíreolaíocha a mb'fhéidir gur gá acmhainní breise a dhíriú orthu.

## Forbairtí in 2017

**Ceartas Aisiríoch**-Sholáthair Alt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017 agus Alt 34 den Acht céanna a leasaíonn Alt 26 d'Acht na Leanaí, 2001 soiléiriú ar an bpróiseas Ceartais Aisiríoch faoi mar a bhforáiltear dó in Acht na Leanaí. D'eascair laghdú as na hathruithe a tugadh isteach i dtosach ar Fholáirimh Aisiríocha in 2017 mar gheall ar oibleagáidí méadaithe an Gharda Síochána maidir le híospartaigh a chosaint. A bhuíochas leis an soiléiriú a soláthraíodh in Acht 2017, áfach, beidh an Clár Athstiúrtha in ann an líon imeachtaí Aisiríocha a mhéadú in 2018.

Mar thoradh ar **mhéadú ar acmhainní** sa GYDO sa ráithe dheiridh in 2017, chuaigh ceathrar comhaltaí breise a raibh céim Gharda acu le foireann an GYDO ar bhonn sealadach. Chumasaigh seo Aonad Beartas an Chláir Athstiúrtha (DPPU) a bhunú ar mhaithe le nósanna imeachta agus beartais chaighdeánacha náisiúnta oibriúcháin a fhorbairt lena chinntiú go nglactar le cur chuige caighdeánaithe agus dea-chleachtais i leith bhainistíocht an Chláir Athstiúrtha agus Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána.

Cuireadh tús leis an **athbhreithniú ar Acht na Leanaí, 2001** ag Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig le 4ú Comhdháil Bhliantúil Ghníomhaireachtaí um Ceartas Coiriúil na hÉireann (ICJA) i gcomhar leis an gCumann Taighde agus Forbartha Coiriúla (ACJRD) a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 4 Iúil 2017.

## Dúshláin

Is dóchúil go gcruthóidh na saincheisteanna a shainaithin Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (GPSU) agus an fiosrú domhain a rinneadh dá thoradh sin ar na saincheisteanna seo, dúshlán mór don Chlár Athstiúrtha amach anseo. Chuaigh ceathrar Gardaí breise (sealadach) le foireann an GYDO agus ceapadh Cigire lánaimseartha, chomh maith, a chumasaíonn 'Aonad Beartas' an Chláir Athstiúrtha a bhunú, ach níl dóthain acmhainní go fóill ag an GYDO, áfach, chun tacú go leordhóthanach le riar an Chláir Athstiúrtha. Tá rannpháirtíocht idirghníomhaireachta ar cheann de na príomhdhúshláin, chomh maith, atá roimh idirghabháil theiripeach a sholáthar do leanaí atá faoi chúram an Stáit a dhéanann ciontú fad a bhíonn siad i gcúram an Stáit agus ar tugadh cead isteach dóibh chuig an gClár Athstiúrtha.


## Ag féachaint i dtreo 2018

Tá súil leis go dtabharfar an tuarascáil ón athbhreithniú leanúnach chun críche in 2018. Leanfar ar aghaidh leis an bhfiosrú domhain ar na dúshláin a shainaithin GPSU agus an t-athbhreithniú reatha isteach in 2018 agus moltar go dtéitear sa tóir ar na saincheisteanna go seasta agus go dtugtar tús áite dá réiteach.


Tabharfaidh an DPPU nósanna imeachta agus treoirlínte chun críche ar roinnt limistéar den Chlár Athstiúrtha lena scaipeadh ar fud an Gharda Síochána.

# 4. AN PRÓISEAS ATHSTIÚRTHA ÓIGE AGUS AN STRUCHTÚR AR FUD NA TÍRE

*Fíor 1 - An Próiseas Athstiúrtha Óige (Foinse: Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána 2018)*



*Fíor 2 – An Struchtúr ar fud na Tíre (Foinse: Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda*



# 5. COMHOIBRIÚ IDIRGHNÍOMHAIREACHTA

D'fhonn dul i ngleic go héifeachtach le ciontú nó athchiontú duine óig, teastaíonn ionchur ó réimse gníomhaireachtaí agus seirbhísí. Titeann comhoibriú idirghníomhaireachta amach ar leibhéal straitéiseach nuair a bhíonn soláthar seirbhíse áitiúil á phleanáil agus nuair a bhíonn acmhainní á soláthar dó, agus leibhéal praiticiúil nuair a dhéantar cinneadh faoi agus nuair a bhíonn pacáiste idirghabhála á sholáthar chun cabhrú le ciontú i measc leanaí a chosc. Samplaí den chomhoibriú siúd in 2017 é an t-idirchaidreamh leanúnach ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána lena comhpháirtithe i gceartas i leith an aosa óig trína hobair maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig 2014-2018 agus Tionscnamh Dea-Chleachtas an GYDP. Lasmuigh de na tionscnaimh fhoirmiúla seo, titeann rannpháirtíocht leanúnach amach idir an GYDO, OIÓanna agus na páirtithe leasmhara a léirítear thíos.




***Fíor 3 – Páirtithe Leasmhara Ceartais i leith an Aosa Óig (Foinse: Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána 2017)***

## Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána-Tionscnamh Dea-Chleachtais

Mar chuid den GYDP-Tionscnamh Dea-Chleachtais, d'oibrigh Oifig Tionscadail Athstiúrtha an Gharda Síochána go dlúth le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (IYJS) agus Foireann um Fhorbairt Dea-Chleachtais Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána nuair a bhí Together Stronger-Treoirlínte do Chomhpháirtíocht Éifeachtach a fhorbairt idir Oifigigh Idirchaidrimh don Óige an Gharda Síochána agus Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána.

## An Plean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig 2014-

Sainaithnítear sa Phlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig 2014-2018 spriocanna sonracha chun gealltanais a bhaint amach a leagtar amach sa chlár don rialtas; i dTreo Téarnaimh: Clár don Rialtas Náisiúnta 2011-2016, i limistéar an cheartais i leith an aosa óig. Chomh maith leis sin, tá sé mar chuid de na beartais náisiúnta níos fairsinge, Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile – an creat náisiúnta do leanaí agus daoine óga 2014-2020 ina measc. Déanann foireann um chur i bhfeidhm idirghníomhaireachta ina bhfuil ionadaithe sinsearacha ó gach ceann de na gníomhaireachtaí ceartais i leith an aosa óig maoirseacht ar an bplean gníomhaíochta. Cuireadh roinnt cruinnithe idirghníomhaireachta ar bun ina raibh baint ag ionadaithe ó TUSLA, an IYJS agus Scoil Choinneála Bhaile an Oibricigh ar bun i rith 2017 chun súil a chaitheamh ar an tsaincheist lena mbaineann leanaí i gcúram a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha i ndiaidh dóibh cionta a dhéanamh a rinneadh fad a bhí siad i gcúram an stáit.

Foghrúpa d'Fhoireann an Phlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig é an grúpa leanaí i gcúram. Cur chuige comhoibritheach atá san fhoghrúpa seo i dtaobh dul i ngleic leis na saincheisteanna a bhaineann le leanaí i gcúram an Stáit a bhíonn bainteach i gcoireacht. Is é aidhm an ghrúpa chun coiriúlú daoine óga i gcúram a laghdú a dhíríonn ar leanaí idir aois 12 agus 18 mbliana. Tá an tionscnamh sa chéim phleanála agus phlé faoi láthair agus tá forbairtí breise le titim amach in 2018.

# 6. OILIÚINT A CUIREADH AR OIFIGIGH IDIRCHAIDRIMH DON ÓIGE

Leagtar dualgas in Acht na Leanaí, 2001 ar Choimisinéir an Gharda Síochána chun oiliúint a chur orthu siúd a bhíonn bainteach leis an gClár Athstiúrtha a éascú. Tá tasc ag an gCoiste Monatóireachta measúnú a dhéanamh ar dhea-chleachtais chun oiliúint a chur ar áisitheoirí agus chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar oiliúna. Cuireann an Coiste fáilte roimh thrí chlár thábhachtacha oiliúna a soláthraíodh do OIÓanna i rith na bliana lena mbaineann ríthábhacht i dtaobh éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha. Cuireadh an oiliúint seo a leanas ar OIÓanna in 2017;

**Oiliúint Ionduchtúcháin**
Cuireadh oiliúint ionduchtúcháin ar OIÓanna nua-cheaptha i gcaitheamh cúig lá i Meán Fómhair 2017 i gcomhar le Coláiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór. Dhírigh an oiliúint ar na hoibleagáidí dlíthiúla agus reachtúla a bhuntacaíonn leis an ról. Áirítear leis treoir ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta i limistéar an cheartais i leith an aosa óig anuas ar threoir ar na próisis agus nósanna imeachta riaracháin atá le leanúint nuair a dhéantar idirchaidreamh le hógchiontóirí.

**Oiliúint Idirghabhála**
Caithfidh OIÓanna tabhairt faoi oiliúint idirghabhála faoi Acht na Leanaí, 2001. I bhFeabhra agus Nollaig 2017, ghlac OIÓanna páirt i gclár oiliúna idirghabhála 60 uair a bhí creidiúnaithe ag Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann. Sholáthair an cúrsa oiliúint ar scileanna agus teicnící réitigh coimhlinte tríd an bpróiseas idirghabhála chun feabhas a chur ar chumarsáid, mothúchán a mhaolú agus caidreamh a chaomhnú.

**Oiliúint ar Scileanna Éascaitheoir Ceartais Aisiríoch**
I Samhain 2017, thug OIÓanna faoi chúrsa creidiúnaithe trí lá i gCleachtais Aisiríocha. Sholáthair an cúrsa seo na scileanna riachtanacha do OIÓanna chun rabhaidh aisiríocha a éascú agus chun cleachtais aisiríocha a úsáid ina n-idirchaidreamh le hógchiontóirí.


**Comhdháil Oiliúna OIÓanna 2017**
Cuireadh an Chomhdháil débhliantúil Oiliúna OIÓanna ar siúl an 3 agus an 4 Deireadh Fómhair agus d'fhreastail 105 OIÓ air, anuas ar Ghardaí ó limistéir na Póilíneachta Pobail, an tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta. I measc na n-aíonna a bhí i láthair i gcaitheamh na comhdhála dhá lá, bhí ionadaithe ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (IYJS), an tOmbudsman do Leanaí, Niall Muldoon, an tÚdarás Póilíneachta agus an Dr Jennifer Carroll MacNeill le Coiste Monatóireachta Alt 44. Anuas air sin, chuir Cigireacht an Gharda Síochána grúpaí fócais ar bun le sáirsintí agus Gardaí OIÓ i rith na comhdhála.

Ba é téama na comhdhála 'rannpháirtíocht dhearfach trí fhoghlaim idir piaraí'. Bhí baint ag toscairí comhdhála i gceardlanna ar limistéir na meabhairshláinte agus na feasachta ar fhéinmhárú, ciontú gnéasach agus bainistíocht feirge. Áiríodh leis an gcur i láthair a rinneadh leis na toscairí ábhair ar nós cibearbhulaíochta agus Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána.

Labhair an tÚdarás Póilíneachta, Judith Gillespie, le toscairí ar an gcéad lá den chomhdháil ar ról an Údaráis Phóilíneachta agus ar ról an OIÓ sa chomhthéacs sin. Rinne 19 ngrúpa ar tugadh cuireadh dóibh idirghníomhú ar an dara lá den chomhdháil leis na toscairí i 'seisiúin faisnéise do pháirtithe leasmhara'. Baineadh na páirtithe leasmhara seo ó na limistéir seo a leanas: Feasacht ar Mheabhairshláinte, tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht gréasáin i measc rudaí eile.

# 7. STAITISTICÍ GINEARÁLTA DON BHLIAIN 2017

## Atreoruithe Iomlána





- Rinneadh 20,006 atreorú chuig an gClár Athstiúrtha in 2017, ar méadú 13.6% é seo ar na 17,615 atreorú a rinneadh leis an gclár in 2016. Baineann an figiúr seo leis an líon iomlán atreoruithe a rinneadh le hOifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána in 2017. Tá sonraí i dtaca le líon na leanaí a atreoraíodh sa mhír 'Leanaí a Atreoraíodh' den cháipéis seo.

| lena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise | Iomlán | %+ |
|---|---|---|
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 7,551 | 38% |
| Míoiriúnach don Chlár Athstiúrtha | 5,891 | 29% |
| Rabhadh Foirmiúil | 3,940 | 20% |
| Rabhadh Aisiríoch | 477 | 2% |
| Gan a Thuilleadh Gníomh | 840 | 4% |
| *Eile | 1,307 | 7% |
| Iomlán Glan | 20,006 | 100% |

** lena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise*

*+ Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe*

- Déileáladh le 38% d'atreoruithe le Foláireamh Neamhfhoirmiúil, déileáladh le 20% trí Fholáireamh Foirmiúil agus measadh go raibh an leanbh mí-oiriúnach don Chlár Athstiúrtha mar thoradh ar 29% díobh.
- *I measc cinn eile, bhí 507 'Iarraidh ar Thuarascáil Chumhdaigh' (39%), 391 'Iarraidh ar Chomhad Cnámharlaigh' (30%) agus 190 'Iarraidh ar Thuarascáil Oiriúnachta' (15%).





- Tháinig laghdú ar an gcomhréir d'Fholáirimh Neamhfhoirmiúla agus tháinig laghdú ar Fholáirimh Aisiríocha idir 2016 agus 2017, agus bhí catagóirí eile cosúil go maith le leibhéil na bliana seo caite.

## Atreoruithe de réir Limistéir


| Réigiún Óige | 2017 Iomlán | Athrú % 2017 | Rabhadh Neamhfhoirmiúil | Míoiriúnach don Chlár Athstiúrtha | Rabhadh Foirmiúil | Thuilleadh Gníomh | Rabhadh Aisiríoch | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún BÁC** | **6,745** | **+13%** | **2,275** | **2,332** | **1,214** | **202** | **144** | **578** |
| RCBÁC Thoir | 871 | +34% | 337 | 304 | 139 | 25 | 2 | 64 |
| RCBÁC Thuaidh Láir | 1,208 | +11% | 474 | 415 | 161 | 20 | 53 | 85 |
| RCBÁC Thuaidh | 1,341 | +21% | 418 | 497 | 253 | 48 | 48 | 77 |
| RCBÁC Theas Láir | 831 | +9% | 187 | 329 | 169 | 18 | 9 | 119 |
| RCBÁC Theas | 1,042 | +7% | 337 | 338 | 196 | 46 | 3 | 122 |
| RCBÁC Thiar | 1,452 | +7% | 522 | 449 | 296 | 45 | 29 | 111 |
| **Réigiún an Oirthir** | **2,816** | **+22%** | **1,034** | **909** | **515** | **135** | **54** | **169** |
| Cill Dara | 690 | +38% | 265 | 189 | 111 | 60 | 2 | 63 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 572 | +28% | 236 | 163 | 102 | 35 | 15 | 21 |
| An Mhí | 638 | +17% | 192 | 243 | 111 | 17 | 21 | 54 |
| An Iarmhí | 390 | +10% | 146 | 127 | 85 | 12 | 6 | 14 |
| Cill Mhantáin | 526 | +13% | 195 | 187 | 106 | 11 | 10 | 17 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **2,302** | **+21%** | **889** | **574** | **482** | **103** | **81** | **173** |
| An Cabhán/Muineachán | 713 | +34% | 295 | 194 | 108 | 35 | 20 | 61 |
| Dún na nGall | 660 | +36% | 276 | 83 | 183 | 31 | 31 | 56 |
| Lú | 636 | -2% | 184 | 238 | 125 | 23 | 24 | 42 |
| Dsligeach/Liatroim | 293 | +22% | 134 | 59 | 66 | 14 | 6 | 14 |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **2,245** | **+9%** | **857** | **653** | **471** | **79** | **26** | **159** |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 622 | +17% | 223 | 167 | 161 | 8 | 4 | 59 |
| Tiobraid Árann | 528 | -3% | 202 | 150 | 98 | 24 | 14 | 40 |
| Port Láirge | 536 | -4% | 257 | 141 | 86 | 17 | 1 | 34 |
| Loch Garman | 559 | +32% | 175 | 195 | 126 | 30 | 7 | 26 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **3,682** | **+5%** | **1,456** | **973** | **784** | **217** | **130** | **122** |
| Cathair Chorcaí | 1,071 | +4% | 553 | 275 | 187 | 31 | 33 | -8 |
| Corcaigh Thuaidh | 539 | +5% | 156 | 202 | 102 | 29 | 50 | 0 |
| Corcaigh Thiar | 389 | +36% | 158 | 99 | 69 | 28 | 18 | 17 |
| Ciarraí | 490 | -6% | 211 | 62 | 158 | 14 | 18 | 27 |
| Luimneach | 1,193 | +3% | 378 | 335 | 268 | 115 | 11 | 86 |
| **Réigiún an Iarthair** | **2,216** | **+17%** | **1,040** | **450** | **474** | **104** | **41** | **107** |
| An Clár | 593 | +11% | 306 | 113 | 115 | 28 | 9 | 22 |
| Gaillimh | 1,029 | +30% | 443 | 227 | 245 | 42 | 16 | 56 |
| Maigh Eo | 280 | -3% | 141 | 41 | 58 | 24 | 14 | 2 |
| Ros Comáin/An Longfort | 314 | +13% | 150 | 69 | 56 | 10 | 2 | 27 |
| **Olliomlán** | **20,006** | **+14%** | **7,551 (+21%)** | **5,891 (+12%)** | **3,940 (+9%)** | **840 (+27%)** | **477 (-28%)** | **1,307 (+13%)** |

** Níor tugadh Rabhadh Aisghabhálach amháin le Réigiún / Rannán*

## Leanaí a Atreoraíodh




- Atreoraíodh 10,607 leanbh in 2017, ar méadú 12% é sin ar na 9,451 leanbh a atreoraíodh in 2016.
- Buachaillí a bhí i 73% de na leanaí agus ba chailíní 27%.




- Bhí 30% de na leanaí a atreoraíodh faoi 15 bliana d'aois in 2016 agus bhí 29% díobh 17 mbliana d'aois.

| Leanaí (an t-atreorú is déanaí) | Iomlán | % den iomlán | in aghaidh 2016 | Fireann | Baineann |
|---|---|---|---|---|---|
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 6,004 | 57% | **20%** | 65% | 35% |
| Rabhadh Foirmiúil | 2,029 | 19% | **-10%** | 85% | 15% |
| Neamhoiriúnach don Chlár Athstiúrtha | 1,402 | 13% | **12%** | 79% | 21% |
| Gníomh Breise ar Bith | 482 | 5% | **15%** | 79% | 21% |
| Eile* | 690 | 7% | **33%** | 89% | 11% |
| Iomlán Glan | 10,607 | 100% | **12%** | 73% | 27% |


** lena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise*

*⁺ Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe*

- Tháinig méadú géar 20% ar líon na leanaí arb é Foláireamh Neamhfhoirmiúil an foláireamh is déanaí a tugadh dóibh in 2017. Tá seo ar aon dul leis an méadú ar líon na n-atreoruithe, agus féadfaidh an méadú seo é a mhíniú, chomh maith le méadú ar chionta ar gnách go dtugtar Foláireamh Neamhfhoirmiúil dóibh mar thoradh ar an gcéad agus an dara cion; Goid ó Shiopa (+17%), Rothar a Ghoid (+74%), Ord Poiblí (+8%), Meisce (+30%), Foghail (+19%), Mionionsaí (+14%).
- Is ionann 45% de *Eile agus 'Iarraidh ar Thuarascáil Chumhdaigh', 'Iarraidh ar Chomhad Cnámharlaigh' iad 30%, agus 'Iarraidh ar Thuarascáil Oiriúnachta' iad 13%.
- Ba bhuachaillí tromlach na ndaoine a atreoraíodh faoi na saghsanna éagsúla atreoraithe.

# Leanaí a Atreoraíodh

Níl raibh atreorú amháin ag 77% de na leanaí a atreoraíodh agus bhí sé atreorú nó níos mó ag 5% díobh in 2017. Díobh siúd a atreoraíodh uair amháin in 2017, buachaillí iad 70% díobh agus cailíní iad 30% díobh. Ba bhuachaillí, den chuid ba mhó, na leanaí ag a raibh sé atreorú nó ní ba mhó agus ba chailíní ach 10% díobh.




| | Ceann amháin | 2-3 atreorú | 4-5 atreorú | 6 atreorú nó os a chionn | % de réir Aoise⁺ |
|---|---|---|---|---|---|
| 12 bh. | 374 | 62 | 13 | 6 | 4% |
| 13 bl. | 831 | 172 | 27 | 19 | 10% |
| 14 bl. | 1,269 | 273 | 48 | 66 | 16% |
| 15 bl. | 1,522 | 390 | 89 | 106 | 20% |
| 16 bl. | 1,580 | 430 | 123 | 136 | 21% |
| 17 mbl. | 2,066 | 616 | 157 | 213 | 29% |
| 18 mbl. | 4 | 0 | 3 | 3 | 0% |

*Ni ά ir¡tear leis seo ach atreoruithe a bhaineann le daoine aonair a cuireadh ¡ gcuntas amhail bheith idir 12 agus 18 d'aois*

*⁺ Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe*

- Baineann comhréir níos mó d'atreoruithe le leanaí níos sine agus b'ionann leanaí 17 mbliana d'aois nó níos sine agus 29% díobh siúd a atreoraíodh agus b'ionann leanaí 12 bhliain d'aois agus ach 4%.

| | Líon na nAtreoruithe in 2017 | | |
|---|---|---|---|
| **Cineál Atreoraithe** | **Ceann amháin** | **2-5 atreorú** | **6 atreorú nó os a chionn** |
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | **69%** | 28% | 3% |
| Rabhadh Foirmiúil | 24% | **47%** | 28% |
| Míoiriúnach don Chlár Athstiúrtha | 11% | 22% | **67%** |
| Gan a Thuilleadh Gníomh | **42%** | 33% | 25% |
| Eile | 31% | 36% | 33% |


*⁺ Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe*

- Bíonn beagnach gach toradh ar Fholáireamh Neamhfhoirmiúil nasctha le leanaí nach bhfuil ach foláireamh amháin acu in 2017. Atreoraíodh 67% díobh siúd a measadh a bhí mí-oiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár sé huaire nó ní ba mhó in 2017.


# Leanaí a Atreoraíodh de réir Ceantair

| Réigiún Óige | 2017 Iomlán | Athrú % 2016 | Rabhadh Neamhfhoirmiúil | Míoiriúnach don Chlár Athstiúrtha | Rabhadh Foirmiúil | Thuilleadh Gníomh | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún BÁC** | **3,432** | **13%** | **1,819** | **605** | **561** | **121** | **326** |
| RCBÁC Thoir | 455 | 32% | 275 | 72 | 55 | 18 | 35 |
| RCBÁC Thuaidh Láir | 691 | 4% | 433 | 142 | 67 | 8 | 41 |
| RCBÁC Thuaidh | 653 | 11% | 333 | 114 | 140 | 24 | 42 |
| RCBÁC Theas Láir | 305 | 6% | 132 | 52 | 56 | 14 | 51 |
| RCBÁC Theas | 555 | 18% | 256 | 97 | 89 | 30 | 83 |
| RCBÁC Thiar | 773 | 13% | 390 | 128 | 154 | 27 | 74 |
| **Réigiún an Oirthir** | **1,389** | **16%** | **770** | **202** | **252** | **75** | **90** |
| Cill Dara | 346 | 29% | 186 | 46 | 53 | 26 | 35 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 321 | 25% | 177 | 48 | 52 | 27 | 17 |
| An Mhí | 272 | 8% | 144 | 45 | 54 | 8 | 21 |
| An Iarmhí | 200 | 12% | 108 | 33 | 47 | 5 | 7 |
| Cill Mhantáin | 250 | 4% | 155 | 30 | 46 | 9 | 10 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **1,254** | **19%** | **721** | **102** | **304** | **55** | **72** |
| An Cabhán/Muineachán | 385 | 37% | 243 | 30 | 87 | 12 | 13 |
| Dún na nGall | 410 | 25% | 220 | 19 | 115 | 19 | 37 |
| Lú | 266 | -11% | 143 | 32 | 68 | 12 | 11 |
| Dsligeach/Liatroim | 193 | 30% | 115 | 21 | 34 | 12 | 11 |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **1,167** | **8%** | **668** | **157** | **221** | **50** | **71** |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 281 | 5% | 165 | 50 | 42 | 7 | 17 |
| Tiobraid Árann | 293 | 18% | 148 | 37 | 76 | 12 | 20 |
| Port Láirge | 343 | 7% | 211 | 43 | 55 | 15 | 19 |
| Loch Garman | 250 | 4% | 144 | 27 | 48 | 16 | 15 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **2,062** | **7%** | **1205** | **221** | **448** | **111** | **77** |
| Cathair Chorcaí | 699 | 11% | 472 | 86 | 115 | 21 | 5 |
| Corcaigh Thuaidh | 277 | -2% | 125 | 44 | 79 | 23 | 6 |
| Corcaigh Thiar | 233 | 29% | 134 | 23 | 47 | 23 | 6 |
| Ciarraí | 311 | -8% | 178 | 18 | 84 | 10 | 21 |
| Luimneach | 542 | 10% | 296 | 50 | 123 | 34 | 39 |
| **Réigiún an Iarthair** | **1,303** | **13%** | **821** | **115** | **243** | **70** | **54** |
| An Clár | 362 | 13% | 253 | 28 | 53 | 17 | 11 |
| Gaillimh | 582 | 19% | 354 | 56 | 120 | 24 | 28 |
| Maigh Eo | 186 | 6% | 106 | 15 | 40 | 20 | 5 |
| Ros Comáin/An Longfort | 173 | 0% | 108 | 16 | 30 | 9 | 10 |
| **Lasmuigh den dlínse** | **0** | **---** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |
| **Olliomlán** | **10,607** | **+12%** | **6,004** | **1,402** | **2,029** | **482** | **690** |

## Foláirimh Neamhfhoirmiúla/Fhoirmiúla





- Bhí 8,033 leanbh ann ar tugadh foláirimh Fhoirmiúla nó Neamhfhoirmiúla in 2017, ar méadú 11% é seo ar iomlán 2016 – bunaithe ar an atreorú is déanaí a fuarthas.
- Buachaillí iad 70% díobh agus cailíní iad 30% díobh.





- Measadh go raibh 76% de leanaí a fuair foláireamh lena gcuimsiú sa Chlár agus tugadh Foláireamh Neamhfhoirmiúil do 75% agus tugadh Foláireamh Foirmiúil do 25% - bunaithe ar an atreorú ba dhéanaí a fuarthas.

## Leanaí a measadh a bhí mí-oiriúnach lena gcuimsiú




- Bhí 1,402 leanbh ann, ar an iomlán, a measadh a bhí mí-oiriúnach don Chlár in 2017, ar méadú 12% é seo ar iomlán 2016 1,249 - bunaithe ar an atreorú is déanaí a fuarthas.
- Buachaillí iad 79% díobh agus cailíní iad 21% díobh.




- B'ionann an chomhréir leanaí a measadh a bhí mí-oiriúnach don Chlár agus 13% in 2017, nár athraigh ó 2016 ar aghaidh.

# Miondealú ar chionta a rinne leanaí

| Grúpa Ciona / Saghas an Chiona | 2017 | % den Líon Iomlán | % an Athraithe | 2016 | Chionta a Braitheadh in 2017* |
|---|---|---|---|---|---|
| **Goid agus Cionta Gaolmhara** | **6,099** | **30.5%** | **+13%** | **5,413** | **24%** |
| Goid ó Shiopa | 4,226 | 21.1% | +17% | 3,620 | 25% |
| Goid Eile | 503 | 2.5% | +8% | 466 | 12% |
| Goid/Rothar a thógáil gan údarás | 334 | 1.7% | +74% | 192 | 56% |
| Láimhseáil Maoine Goidte | 256 | 1.3% | -5% | 269 | 19% |
| Goid/Feithicil a thógáil gan údarás | 298 | 1.5% | -3% | 307 | 40% |
| Goid ó fheithicil | 314 | 1.6% | -11% | 353 | 27% |
| Goid ó dhuine | 87 | 0.4% | -18% | 106 | 14% |
| Cur isteach ar Mheicníocht Feithicle Innealghluaiste | 81 | 0.4% | -18% | 99 | 28% |
| **Ord Poiblí agus Cionta Cóid Shóisialta eile** | **4,375** | **21.9%** | **+11%** | **3,933** | **15%** |
| Cionta oird phoiblí | 2,237 | 11.2% | +8% | 2,077 | 13% |
| Cionta meisce | 737 | 3.7% | +30% | 569 | 10% |
| Cionta foghla | 946 | 4.7% | +19% | 796 | 68% |
| Ceannach nó Ól Alcóil ag Daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois | 250 | 1.2% | -21% | 317 | --- |
| Déirc a iarraidh | 34 | 0.2% | -19% | 42 | 2% |
| Airgead a bhailiú gan chead | 45 | 0.2% | +15% | 39 | 62% |
| Gráscar/Círéib/Mí-ord Foréigneach | 95 | 0.5% | +107% | 46 | 71% |
| **Díobháil a dhéanamh do Mhaoin agus don Timpeall** | **1,972** | **9.9%** | **+7%** | **1,840** | **35%** |
| Díobháil chiriúil (nach coirloscadh é) | 1,794 | 9.0% | +8% | 1,665 | 33% |
| Coirloscadh | 176 | 0.9% | +4% | 170 | 67% |
| Cionta bruscair | 2 | 0.0% | -60% | 5 | 5% |
| **Irrachtaí/Bagairt chun Dúnmharú/Ionsaí/Ciapadh** | **1,750** | **8.7%** | **+12%** | **1,561** | **20%** |
| Mionionsaí | 1,185 | 5.9% | +14% | 1,038 | 21% |
| Ionsaithe is cúis le díobháil a dhéanamh | 447 | 2.2% | +15% | 389 | 21% |
| Ionsaí/Bac/Cur in Aghaidh Gabhála - Oifigeach Síochana | 45 | 0.2% | -38% | 72 | 11% |
| Bagairtí/Iarracht chun Dúnmharú | 27 | 0.1% | +42% | 19 | 7% |
| Ciapadh | 28 | 0.1% | +27% | 22 | 16% |
| **Buirgléireacht agus Cionta Ga olmhara** | **992** | **5.0%** | **+19%** | **836** | **29%** |
| Buirgléireacht (gan í a bheith forthromaithe) | 849 | 4.2% | +18% | 720 | 30% |
| Ga bháil earra (le hintinn buirgléireachta, gadaíocta,éilimh) | 114 | 0.6% | +18% | 97 | 23% |
| Trom bhuirgléireacht | 29 | 0.1% | +53% | 19 | 30% |
| **Cionta Drugaí Ri alaithe** | **1,442** | **7.2%** | **+41%** | **1,020** | **8%** |
| Sealbhú drugaí le húsáid phearsanta | 1,101 | 5.5% | +39% | 794 | 9% |
| Sealbhú drugaí le díol agus soláthar | 286 | 1.4% | +62% | 177 | 7% |
| Cosc faoin Acht um mí-úsáid Drugaí | 54 | 0.3% | +20% | 45 | 11% |
| Saothrú nó táirgeadh Drugaí | 1 | 0.0% | -75% | 4 | 0% |
| **Cionta Bóithre agus Tráchta (nach n-aicmítear in áit ar bith eile)** | **1,151** | **5.8%** | **+12%** | **1,028** | **2%** |
| Cionta ginearálta bóithre | 630 | 3.1% | +18% | 534 | 2% |
| Ceadúnas/Árachas/Cáin | 421 | 2.1% | +9% | 388 | 2% |
| **Gníomhartha Contúirteacha nó Faillíocha** | **401** | **2.0%** | **-18%** | **487** | **1%** |
| Tiomáint chontúirteach/neamhaireach | 268 | 1.3% | -24% | 351 | 6% |
| Tiomáint róghasta | 64 | 0.3% | +12% | 57 | 0% |
| Tiom áint/i bhfeighil feithicle thar teorainn dleathach alcóil | 32 | 0.2% | +0% | 32 | 0% |
| Cionta tráchta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh | 24 | 0.1% | -29% | 34 | 24% |
| Tiomáint feithicle/bheith i gceannas ar fheithicil faoi thionchar drugaí | 4 | 0.0% | -33% | 6 | 1% |
| **Ciont a Airm Phl éas cacha** | **521** | **2.6%** | **+45%** | **360** | **23%** |
| Sealbhú arm ionsaitheach (gan airm thine san áireamh) | 399 | 2.0% | +42% | 281 | 21% |
| Cionta atá bainteach le tinte ealaíne (díol, lasadh, srl) | 87 | 0.4% | +58% | 55 | 83% |
| Sealbhú arm Tine | 27 | 0.1% | +13% | 24 | 15% |
| **Cionta Robála Sracaidh agus Fua daithe** | **290** | **1.4%** | **+21%** | **240** | **35%** |
| Robáil ón bPearsa | 249 | 1.2% | +26% | 197 | 55% |
| Robáil ó fhoras nó ó institiúid | 32 | 0.2% | +7% | 30 | 9% |
| Fuadach cairr, Fuadach / Urghabháil Mhídhleathach Aerárthaigh | 9 | 0.0% | -31% | 13 | 25% |
| **Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Ceartais agus Eagrú na Coire** | **306** | **1.5%** | **-10%** | **339** | **2%** |
| Sárú bannaí | 256 | 1.3% | -16% | 304 | 3% |
| **Cionta Gnéasacha** | **400** | **2.0%** | **+20%** | **334** | **35%** |
| Ionsaí Gnéasach ( Gan a bheith trom) | 224 | 1.1% | +37% | 163 | 34% |
| Pornagrafaíocht Leanaí | 59 | 0.3% | +181% | 21 | 50% |
| Éigniú Fir nó Mná | 73 | 0.4% | -36% | 114 | 27% |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006 | 38 | 0.2% | +15% | 33 | 57% |
| **Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara** | **247** | **1.2%** | **+70%** | **145** | **5%** |
| **Cionta nach bhfuil rangaithe aon áit eile** | **45** | **0.2%** | **-39%** | **74** | **4%** |
| **Fuadach agus Cionta Gaolmhara** | **9** | **0.0%** | **+200%** | **3** | **18%** |
| **Cionta Dún mhású** | **4** | **0.0%** | **+100%** | **2** | **9%** |
| Dúnmharú | 3 | 0.0% | +50% | 2 | 12% |
| Tiomáint Chontúirteach faoi deara Bás | 1 | 0.0% | --- | 0 | 5% |
| **Gach cion** | **20,006** | **100.0%** | **+14%** | **17,615** | **10%** |



**Proportion of Youth Offences to overall offences in 2017*
*⁺ Only most common Offence Types listed*
*⁺⁺ % may not total 100% due to rounding errors*

**Méadú 20% ar Fholáirimh Neamhfhoirmiúla**

Tháinig méadú géar 20% ar líon na leanaí ar tugadh Foláireamh Neamhfhoirmiúil dóibh in 2017. Tá seo ar aon dul leis an méadú ar líon na n-atreoruithe, ar an iomlán, agus féadfaidh an méadú seo é a mhíniú, chomh maith le méadú líon na gcionta ar gnách go dtugtar Foláireamh Neamhfhoirmiúil mar thoradh ar an gcéad agus an dara cion; Goid ó Shiopa (+17%), Rothar a Ghoid (+74%), Ord Poiblí (+8%), Meisce (+30%), Foghail (+19%), Mionionsaí (+14%).

**Athchiontú**

Tugtar faoi deara go bhfuil sé atreorú nó níos mó ag 5% de na leanaí a atreoraíodh in 2017 agus gur atreoraíodh 67% díobh siúd a measadh a bhí mí-oiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár sé huaire nó ní ba mhó. Is gá anailís a dhéanamh ar agus gníomhú i leith an leibhéil sonraí agus faisnéise sin atá á sholáthar ag na staitisticí seo. Ba cheart cúinsí na n-athchiontóirí seo agus an méid atá ag tarlú, a fhiosrú mar gheall gur gnách go ndéantar athchiontóirí fásta den chohórt seo leanaí mura ndírítear acmhainní go héifeachtach. Molann an Coiste gur cheart go ndéanfaí na leanaí seo a rianú, anailís a dhéanamh ar na saghsanna cionta atá á ndéanamh acu, agus an méid a bhí i gceist leis na torthaí do na leanaí seo, mar chuid den taighde amach anseo. D'fhéadfadh an taighde seo tionchar a imirt, ina dhiaidh sin, ar conas a dhéileáiltear leis na cionta siúd sa chéad ásc agus conas a dhéantar acmhainní amach anseo a threorú laistigh den Chlár Athstiúrtha agus Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána.

**Pornagrafaíocht Leanaí a Shealbhú**

Spreagann an méadú ar atreoruithe le haghaidh Pornagrafaíocht Leanaí a Shealbhú aníos go dtí 59 in 2017 ó 21 in 2016 an cheist maidir le cad iad na cúinsí a bhaineann leis na teagmhais seo agus cén fáth gur thit a leithéid de mhéadú amach taobh istigh de 12 mhí? Spreag seo an Coiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúinsí gach teagmhais lena shoiléiriú a mhéid a bhí íomhánna díobh féin a roinnt idir piaraí i gceist, in aghaidh pornagrafaíocht leanaí a shealbhú/a dháileadh i gcomhthéacs dúshaothrú leanaí.

| Sonraí faoin teagmhas | Uimh. |
|---|---|
| Na cúinsí dúshaothraithe leanaí dá achtaíodh an tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998 | 18 |
| Íomhánna pearsanta idir piaraí a roinnt go comhthoiliúil | 9 |
| Íomhánna pearsanta idir piaraí a roinnt go comhthoiliúil agus iad a roinnt ansin ar líne gan toiliú | 20 |
| Ghlac piara íomhá gan toiliú agus roinneadh í ar líne ansin | 9 |
| Leagadh aghaidh linbh anuas ar íomhá eile agus roinneadh í ar líne | 3 |
| **Iomlán** | **59** |

As na 59 atreorú, bhain seilbh neamhdhleathach nó dáileadh íomhánna de leanaí i gcomhthéacs mí-úsáid agus dúshaothrú leanaí faoi mar a bhforáiltear dó san Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998. Bhain íomhánna a roinnt go comhthoiliúil idir piaraí le 9 dteagmhas ar ghutháin/sna meáin shóisialta agus bhain íomhánna a roinnt le páirtí amháin, ar tugadh toiliú dó i dtosach, agus na híomhánna a sheoladh ar aghaidh chuig tríú páirtithe ina dhiaidh, le 20 atreorú. Bhain íomhánna a rochtain ar na meáin shóisialta nó a thaifeadadh gan toiliú an duine san íomhá agus na híomhánna a sheoladh ar aghaidh chuig daoine eile mar mhagadh nó mar chuid de theagmhas bulaíochta le 9 n-atreorú. Bhí gníomhartha ann a rinne leanaí nárbh fhios dóibh gurb ionann a ngníomhartha agus cionta in aghaidh an Achta um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998. Nuair nach raibh íomhánna a roinnt comhthoiliúil, tugadh faoi ar mhaithe le cleas a imirt nó cibearbhulaíocht agus b'éard a bhain leis i gcónaí ná íomhánna de dhaoine ar comhaois leo a roinnt.

Leagann an méadú ar na hatreoruithe seo agus na cúinsí a bhaineann leo, an bhéim atá ar ag an ngá atá le reachtaíocht nuachóirithe a achtú a théann i ngleic leis an iompar a dtugtar cuntas air thuas, seachas na leanaí a atreorú do chion lena mbaineann Pornagrafaíocht Leanaí a Shealbhú/a Dháileadh. Achtaíodh an píosa seo reachtaíochta i 1998 ar mhaithe le dul i ngleic le dúshaothrú agus mí-úsáid leanaí, agus sular tháinig gutháin chliste agus na meáin shóisialta ar an bhfód. Leagann sé an bhéim, chomh maith, ar an ngá atá le hoideachas a chur ar leanaí faoina n-iompar agus sábháilteacht ar líne agus feasacht a mhéadú gur cion coiriúil é íomhánna a roinnt díobh féin nó dá bpiaraí nach bhfuil faoi 18 mbliana d'aois faoin reachtaíocht reatha.

**Cionta Gnéasacha**

Faoi na catagóirí 'Ionsaí Gnéasach Neamhthrom', 'Éigniú fir nó mná', agus 'an tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006', corpraítear cion an Truaillithe (duine faoi 17 agus faoi 15) isteach sna staitisticí do na catagóirí seo agus is ionann é agus 47 as 335 atreorú laistigh de na trí chatagóir. Laistigh den fhigiúr seo 47, baineann cúinsí le 30 ceann ina raibh an ciontóir agus an té a ndearnadh éagóir air/uirthi i gcaidreamh agus ina ndearna siad an comhchinneadh chun tabhairt faoi iompar gnéasach. I naoi gcás, cuireadh na Gardaí ar an eolas ar an teagmhas mar gheall ar thoircheas agus mar gheall go gur TUSLA na Gardaí ar an eolas ina dhiaidh sin. In go leor cásanna, ní raibh an dá pháirtí ar an eolas go raibh cion coiriúil á dhéanamh ag an bhfear trí thabhairt faoin iompar sin. Ar nós na saincheisteanna a bhaineann le híomhánna gnéasacha a roinnt lena bpiaraí, mar gheall gur bhain iompar gnéasach le cion an Truaillithe idir leanaí a bhí thart ar an aois chéanna le 30 as 47 atreorú a bhí bainteach i gcaidreamh, leagtar an bhéim ar an ngá atá le hoideachas breise a chur ar leanaí maidir le tabhairt faoi iompar gnéasach sula mbaineann an dá pháirtí 17 mbliana d'aois amach agus conas a d'fhéadfadh iompar coiriúil a bheith i gceist leis an iompar sin. As na 47 atreorú ar an iomlán a rinneadh i dtaobh chion an Truaillithe, d'eascair moladh as 23 ceann Gan Gníomh Breise a dhéanamh mar gheall gur measadh gur fearr a chuathas i ngleic leis an iompar trí idirghabháil sláinte agus leasa agus nár theastaigh rabhadh uaidh faoin gClár Athstiúrtha nó imeachtaí cúirte.

# 8. CEARTAS AISIRÍOCH

Próiseas deonach é Ceartas Aisiríoch ina nglacann an duine óg le freagracht as a n-iompar ciontaithe agus ina mbíonn an duine óg cuntasach dóibh siúd a ndearna siad díobháil dóibh. Tugtar an deis don íospartach go léirítear meas ar a ndearcthaí trí chasadh leis an duine óg aghaidh ar aghaidh nó go ndéanann duine eile ionadaíocht dá ndearcthaí. Foráiltear in Acht na Leanaí, 2001 do dhá shaghas d'idirghabháil aisiríoch; foráiltear in Alt 26 d'Fholáireamh Ceartais Aisiríoch agus foráiltear in Alt 29 go n-éascaítear comhdháil a dtugtar cuireadh don íospartach freastal air.

## Cuspóir Ceartais Aisiríoch

Nuair a dhéantar cion nó coir, déantar díobháil do dhuine nó pobal. Déanann Ceartas Aisiríoch iarracht chun déileáil leis an díobháil trí phlé agus déanann sé iarracht chun an díobháil sin a thabhairt go lár an phlé. Déanann sé é seo trí ghlór a thabhairt don duine a ndearna an choir difear dó/di. Ansin cruthaíonn sé deis don chiontóir chun an díobháil a chruthaigh an cion a chur ina ceart agus oibriú i dtreo cosc a chur ar athchiontú. Ní bhíonn baint ag an bpróiseas Ceartais Aisiríoch le breithiúnas a thabhairt nó milleán a chur.

## Tionchar an Achta um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017

Sainaithníodh an Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2016 mar dhúshlán i dTuarascáil Bhliantúil 2016 agus i ndiaidh gur achtaíodh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, tháinig laghdú ar Fholáirimh Aisiríocha in 2017. Is é is cúis leis an titim seo ar imeachtaí Ceartais Aisiríoch forálacha an Achta nua agus níor tugadh Foláirimh Aisiríocha i rith 2017 ach i gcás ciontú nuair nach raibh íospartach ann, mar shampla: Cionta um Thrácht ar Bhóithre, ar nós Tiomáint ar Luas agus Driving gan Árachas, agus Cionta Drugaí. Foráiltear in Alt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017 do phróiseas daingean a bhaineann le himeacht Ceartais Aisiríoch agus leasaíonn Alt 34 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017 forálacha Alt 26 d'Acht na Leanaí, 2001, trí oibleagáidí a chur ar an nGarda Síochána chun an t-íospartach a chosaint maidir lena rannpháirtíocht in imeacht Ceartais Aisiríoch. Baineann impleacht acmhainne leis na hoibleagáidí méadaithe seo agus ceaptar gurbh é sin ba chúis leis an laghdú ar imeachtaí aisiríocha in 2017.


Caitheann an Coiste le Ceartas Aisiríoch amhail bheith mar chuid lárnach den Chlár Athstiúrtha a théann chun sochair an íospartaigh anuas ar an duine óg a rinne ciontú agus ba cheart leanúint ar aghaidh le himeachtaí aisiríocha.

D'fhonn go gcomhlíonfaidh an Garda Síochána a oibleagáidí i dtaobh na n-íospartach, ba cheart treoirlínte breise treisithe a scaipeadh ar OIÓanna i dtaca leis na hoibleagáidí seo atá ar an íospartach nuair a bhíonn imeacht aisiríoch á éascú. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith le déanamh ina thaobh seo, chomh maith;

- Próiseas measúnaithe riosca a fhorbairt d'fhonn gur féidir leis an OIÓ agus comhaltaí eile ábhartha an Gharda Síochána a bheith sásta go bhfuil sé sábháilte an t-imeacht ceartais aisiríoch a chur ar bun gan athíospairt an íospartaigh i rith/nó mar thoradh ar an bpróiseas.
- Oiliúint a chur ar an OIÓ maidir leis an bpróiseas measúnaithe riosca seo.
- Oiliúint a chur ar an OIÓ maidir le déileáil le híospartaigh agus a dteaghlaigh.

Leis an soiléiriú a sholáthraítear san Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, bíonn súil leis go dtabharfar méadú faoi deara in 2018 ar líonta na n-imeachtaí Ceartais Aisiríoch a thitfidh amach.

## Staitisticí faoi Cheartas Aisiríoch




- Tugadh 477 Foláireamh Aisiríoch in 2017, ar laghdú é seo anuas ó 66 Foláireamh Aisiríoch in 2016, agus arb ionann agus laghdú 28% é seo. Tá 26 Foláireamh Aisiríoch agus Comhdháil Alt 29 i gceist leis an bhfigiúr iomlán 477 seo. Mar shampla, is é is cúis leis an bhfigiúr thíos ina luaitear gur tháinig méadú 430% i Réigiún Cathrach BÁC Thuaidh Láir ná méadú mór ar líon na gComhdhálacha Alt 29 atá á gcur ar bun sa roinn (tá 5 Fholáireamh Aisiríocha agus 48 Comhdháil Alt 26 i gceist leis an iomlán 53).

## Foláirimh Aisiríocha de réir Limistéir

| Réigiún Óige | 2017 | Athrú % | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún BÁC** | **144** | **+11%** | **130** | **237** | **278** | **254** |
| RCBÁC Thoir | 2 | -50% | 4 | 19 | 27 | 11 |
| RCBÁC Thuaidh Láir | 53 | +430% | 10 | 8 | 17 | 28 |
| RCBÁC Thuaidh | 48 | -16% | 57 | 86 | 136 | 136 |
| RCBÁC Theas Láir | 9 | +50% | 6 | 21 | 18 | 12 |
| RCBÁC Theas | 3 | --- | 0 | 27 | 11 | 6 |
| RCBÁC Thiar | 29 | -45% | 53 | 76 | 69 | 61 |
| **Réigiún an Oirthir** | **54** | **-62%** | **143** | **90** | **116** | **103** |
| Cill Dara | 2 | -71% | 7 | 16 | 19 | 5 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 15 | -77% | 65 | 17 | 21 | 28 |
| An Mhí | 21 | -40% | 35 | 19 | 41 | 29 |
| An Iarmhí | 6 | -79% | 29 | 31 | 27 | 25 |
| Cill Mhantáin | 10 | +43% | 7 | 7 | 8 | 16 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **81** | **-44%** | **145** | **145** | **162** | **81** |
| An Cabhán/Muineachán | 20 | -29% | 28 | 16 | 32 | 18 |
| Dún na nGall | 31 | -38% | 50 | 64 | 69 | 36 |
| Lú | 24 | -63% | 64 | 33 | 53 | 18 |
| Dsligeach/Liatroim | 6 | +100% | 3 | 32 | 8 | 9 |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **26** | **-32%** | **38** | **106** | **108** | **144** |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 4 | --- | 0 | 21 | 17 | 17 |
| Tiobraid Árann | 14 | +8% | 13 | 55 | 49 | 43 |
| Port Láirge | 1 | -91% | 11 | 15 | 26 | 36 |
| Loch Garman | 7 | -50% | 14 | 15 | 16 | 48 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **130** | **-12%** | **147** | **260** | **272** | **265** |
| Cathair Chorcaí | 33 | -21% | 42 | 69 | 51 | 62 |
| Corcaigh Thuaidh | 50 | +11% | 45 | 79 | 65 | 73 |
| Corcaigh Thiar | 18 | -5% | 19 | 36 | 20 | 25 |
| Ciarraí | 18 | -5% | 19 | 38 | 46 | 48 |
| Luimneach | 11 | -50% | 22 | 38 | 90 | 57 |
| **Réigiún an Iarthair** | **41** | **-29%** | **58** | **35** | **57** | **60** |
| An Clár | 9 | -63% | 24 | 9 | 13 | 33 |
| Gaillimh | 16 | +78% | 9 | 14 | 35 | 13 |
| Maigh Eo | 14 | -36% | 22 | 5 | 5 | 13 |
| Ros Comáin/An Longfort | 2 | -33% | 3 | 7 | 4 | 1 |
| **Lasmuigh den dlínse** | **1** | **-83%** | **6** | **18** | **0** | **2** |
| **Olliomlán** | **477** | **-28%** | **667** | **891** | **993** | **909** |

# 9. TIONSCADAIL ATHSTIÚRTHA ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA (GYDPANNA)

Cuireann GYDPanna tacaíocht luachmhar ar fáil don Chlár Athstiúrtha trí dhaoine óga a spreagadh chun gnímh faoi mhaoirseacht an OIÓ mar a mBun-Rannpháirtithe. Déanann GYDPanna na bun-rannpháirtithe seo a spreagadh, anuas orthu siúd a mheastar atá i mbaol athchiontú (rannpháirtithe tánaisteacha), i gclár foghlama agus forbartha d'fhonn a gciontú a laghdú. Oibríonn Oibrithe Ceartais i Leith an Aosa Óig (OCAÓanna) agus OIÓanna le chéile ar na GYDPanna ar leibhéal foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon. Cuireann caidreamh éifeachtach oibre idir OIÓanna agus OCAÁanna ar chumas GYDPanna chun a oibriú ar a leibhéal is airde. Déanann seo an dóchúlacht a mhéadú go mbainfear amach na torthaí is fearr agus is féidir agus do rannpháirtithe tionscadail.

In 2017, chuir an Coiste Dea-Chleachtais tús le 'Together Stronger-Treoirlínte do Chomhpháirtíocht Éifeachtach idir Oifigigh Idirchaidrimh don Óige an Gharda Síochána agus Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána a fhorbairt. Bhí an coincheap lena mbaineann an cháipéis Together Stronger bunaithe ar an aitheantas go mbaineann ríthábhacht le caidreamh éifeachtach oibre idir OIÓ agus OCAÓ le torthaí maithe a chinntiú do rannpháirtithe tionscadail agus go mbíonn tionchar dearfach aige ar rannpháirtíocht duine óig le GYDP.

I gcaitheamh na bliana, bailíodh fianaise trí shraith ocht ngrúpa réigiúnacha fócais le OIÓanna agus OCAÁanna. Chruthaigh na sonraí a bailíodh sna seisiúin seo íomhá chuimsitheach de chineál agus tionchar an chaidrimh oibre idir GYDPanna agus an Garda Síochána i gcomhthéacs GYDPanna, go háitiúil agus go náisiúnta araon. Shainaithin na grúpaí fócais gnéithe de chaidreamh éifeachtach oibre idir OIÓanna agus OCAÁanna, anuas ar roinnt de na dúshláin a thagann chun solais sa chaidreamh seo.

Is iad na príomhthéamaí a sainaithníodh agus a dtéitear i ngleic leo in Together Stronger-Treoirlínte do Chomhpháirtíocht Éifeachtach;

- Róil agus Freagrachtaí
- Atreorú
- Cruinnithe an Choiste Atreoraithe
- I ndiaidh Atreorú agus Comhpháirtíocht Leanúnach
- Plean Bliantúil GYDP
- Faisnéis a Roinnt
- Cosaint Sonraí
- Teagmháil OIÓ agus OCAÓ
- Réiteach Díospóide
- Cosaint Leanaí

Ta an cháipéis seo le foilsiú in 2018 agus le scaipeadh le treoir a thabhairt do gach Oifigeach Idirchaidrimh don Óige agus Oibrí Ceartais i leith an Aosa Óig de chuid an Gharda Síochána.

# Láthair Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána




**Dublin Metropolitan Region**

| Local Station | GYDP |
|---|---|
| Clondalkin | SWIFT |
| Ballyfermot (2) | CODY, ABLE |
| Blanchardstown (3) | ORB, WEB, WEB LDTF |
| Cabra | Cabra Step-up |
| Finglas (2) | FÁN, EFFORT |
| Lucan (3) | Graft, The Valley, UCAN |
| Dun Laoghaire (2) | The Castle Project, LAB |
| Blackrock | SAY |
| Tallaght (5) | APT, JAY, KEY, BOOST, YEW |
| Crumlin (2) | Brú, Clay, Krib |
| Kevin St. (2) | DÁN, Liberties |
| Mountjoy (3) | HAY, MOST |
| Bridewell | NICKOL |
| Store Street | SWAN |
| Ballymun | BYB |
| Santry (2) | KEEP, Donnycarney |
| Coolock | Woodale |
| Swords | JETS |
| Balbriggan | North Bay |

**Northern**

| Local Station | GYDP |
|---|---|
| Cavan | Cavan 365 |
| Monaghan | Monaghan NYP |
| Letterkenny | Leaf (Raphoe) |
| Milford | Falcarragh |
| Sligo | YAPS |
| Drogheda (2) | BOYNE, Cable |
| Dundalk (2) | High Voltage, TEAM |

**Western**

| Local Station | GYDP |
|---|---|
| Ennis | Ennis |
| Kilrush | Kilrush |
| Mill Street | Bán, Meas |
| Ballinasloe | Junction |
| Tuam | Treo Nua |
| Roscommon | RAD |
| Longford | LEAP |
| Ballina | YAB |
| Castlebar | Castlebar Youth Action Project |

**Eastern**

| Local Station | GYDP |
|---|---|
| Naas | Naas |
| Celbridge | The Bridge |
| Newbridge | The Curragh |
| Athy | Athy |
| Portlaoise (2) | Block, Portarlington |
| Tullamore | Acorn, Fusion |
| Birr | SUB |
| Trim | SMART |
| Navan | NYPD |
| Athlone | ALF |
| Mullingar | EYE |
| Wicklow | WAY |
| Bray | New Directions |

**South Eastern**

| Local Station | GYDP |
|---|---|
| Waterford (3) | BALL, PACT, SWAY |
| Tramore | TYRE |
| Dungarvan | DAY |
| Clonmel (2) | CYD, Edge |
| Tipperary | TAR |
| Roscrea | RAY |
| Nenagh | Nenagh |
| Wexford | SAFE |
| Gorey | Slaney |
| New Ross | TREOIN |
| Kilkenny | Compass |
| Carlow | HUB |

**Southern**

| Local Station | GYDP |
|---|---|
| Gurranabraher (2) | Ballincollig Action Projects, Knocknaheeny Holyhill |
| Mayfield (2) | FAYRE, GAP |
| Anglesea St | MAY |
| Togher (2) | TACT, Douglas West, HERON |
| Cobh | Feabhas |
| Mallow | Mallow |
| Youghal | Youghal |
| Bandon | Bandon Youth Project |
| Tralee | KDYS |
| Henry St. (5) | Corpus Christi Youth Development Group, Ballynanty, Kings Island Southside, Irishtown |
| Newcastlewest (2) | West Limerick, Rathkeale |

*Fíor 4 - Láthair Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (Foinse: Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána 2017)*

# CUID II

## 10. ANAILÍS AR ÓGCHOIREACHT 2013-2017

I ndiaidh gur iarr an Coiste air, thug Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána faoi anailís dhomhain ar ógchoireacht don tréimhse 2013-2017.

Lorg an Coiste miondealú ar choireacht i rith na tréimhse seo mar iarracht chun aon phatrúin a shainaithint sna cionta a rinne leanaí agus díríodh ar láthair na coireachta tionchair agus ar chionta a rinne leanaí baineanna agus é ina chuspóir aon treochtaí nó táscairí a thabhairt faoi deara go bhfuil coireanna a dhéanann mná ag éirí níos measa agus ag druidim i dtreo tromchoireachta.

Mar thoradh air seo, chuir Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána an tuarascáil le chéile dar teideal *Anailís ar Ógchoireacht 2013-2017*. Leagtar béim san achoimre feidhmiúcháin thíos ar na príomhthorthaí agus tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag Aguisín A.

### Achoimre Feidhmiúcháin-Anailís ar Ógchoireacht 2013-2017

**Treochtaí cinnidh:**

Ba iad cinntí 'Mí-Oiriúnach sa Chás seo Amháin' (UTCO) na cinntí ba choitianta a rinneadh ó 2013 go 2015, ach ó shin i leith, tugadh 'Foláirimh Neamhfhoirmiúla' ní ba choitianta agus b'ionann iad agus 37% de na hatreoruithe sa chéad leath de 2017, agus b'ionann UTCOanna agus 31%.

**Treochtaí ciona:**

B'ionann ach ceithre shaghas de chion agus 49% de na cionta a bhí nasctha le daoine óga in 2017 - Goid ó Shiopa 21%, Cionta Oird Phoiblí 13%, Díobháil Choiriúil 8% agus Seilbh Shimplí 7%.

Is ionann goid ó shiopa agus comhréir mhéadaitheach de chionta atá nasctha le daoine óga, agus tháinig méadú 5% air in 2017 i gcomparáid le 2016 agus tháinig méadú 16% air i gcomparáid le cúig ó shin in 2013. Ag an am céanna, tá gach cion eile laghdaithe 3% i gcomparáid leis an mbliain seo caite agus tá laghdú 17% tagtha orthu i gcomparáid le hiomlán 2013.

Ba ghnách gur ciontóirí baineanna a rinne goid ó shiopa ciontóirí (55%), rinne 61% díobh ciontú amháin, agus rinne 46% díobh ciontú le daoine eile agus tugadh Foláireamh Neamhfhoirmiúil do 60% díobh.

Tharla 6.2% de na cionta Meisce, 5.9% de na cionta Oird Phoiblí agus 5.9% de na teagmhais a bhaineann le hAlcól a Cheannach/a Ól, i measc daoine 18 mbliana d'aois, le cúig bliana anuas, ar Lá Fhéile Pádraig agus an 31 Deireadh Fómhair.

**Ciontóirí baineanna:**

Bhí 28% de chiontóirí linbh, a cuireadh i gcuntas in 2017, baineann agus tháinig méadú 10% in 2017 ar an líon ciontóirí baineanna, i gcomparáid le bliain ní ba luaithe.

## Cinntí UTCO

Bhí laghdú ag teacht ar chinntí UTCO anuas ó 37% de na cinntí go léir in 2015 go dtí 31% sa chéad leath in 2017. Bhí 37% de na daoine aonair UTCO nasctha le deich gcion nó ní ba mhó i gcaitheamh na gcúig bliana ó 2013 go 2017. Ba chiontóirí aonuaire 28% de na daoine aonair a fuair cinneadh UTCO in 2017.

Is é Goid ó Shiopa an saghas ciona is coitianta óna n-eascraíonn cinneadh UTCO. Mheas 35% de chiontóirí go bhfuil UTCO nasctha le goid ó shiopa. Ba chiontóirí aonuaire 155 ciontóir a Ghoid ó Shiopa nó 37% agus ba mhic léinn teanga ón Spáinn, an Iodáil agus an Fhrainc 111 díobh siad a ndearnadh an cinneadh UTCO ina dtaobh mar gheall gur 'fhág siad an dlínse'. Ba é an chúis go ndearnadh an cinneadh nár admhaigh an leanbh go ndearna sé/sí an cion, gur fhág sé/sí an dlínse agus nach raibh ar chumas na nGardaí teagmháil a dhéanamh leis/léi.

## Cionta Tromchúiseacha agus Tionchair

Is iad **Bagairtí Dúnmharaithe** an cion Dúnbhásaithe agus gaolmhar is coitianta i measc daoine faoi 18 mbliana d'aois agus, cé gurb íseal don líon díobh a thiteann amach, tá méadú substainteach tagtha orthu in 2017, agus méadú 62% i gcomparáid le 2016, tráth a cuireadh 21 teagmhas i gcuntas. I measc 58% de na bagairtí dúnmharaithe, rinne fear an bhagairt ar fhear eile. I measc 34% de na cásanna, rinne fear an bhagairt ar bhean.

I 79% de na cásanna a bhain le **Cion Gnéasach**, bhain atreorú a cruthaíodh in 2017 le teagmhas a tharla roimh 2017. Is gnách go mbíonn ciontóirí amhrasta níos sine ná an té a ndearnadh éagóir air. Bhí siad 14.6 bliain agus 13.2 bliain d'aois, ar an meán, faoi seach, in 2017. Tá 46% de na ciontóirí a bhí nasctha le cionta gnéasacha in 2017, nasctha le breis agus coir amháin, d'aon saghas, i gcaitheamh na gcúig bliana ó 2013 go 2017. Bhí 11% díobh nasctha le breis agus cion gnéasach amháin.

Fir atá in 89% de chiontóirí **Ionsaí is Cúis le Díobháil** agus mná 11% iad, agus is is mná a bhíonn i gceist in 29% de na cásanna **Mionionsaí**. Ba í meánaois na gciontóirí a thug faoi Ionsaí is Cúis le Díobháil in 2017 17.5 bliain d'aois agus i dtaobh Mionionsaí, b'óige an mheánaois - 15.4 bliain d'aois. Is gnách go mbíonn Ionsaí is Cúis le Díobháil nasctha leis an ngeilleagar oíche (ó Aoine go Domhnach idir 8pm agus 4am), ach is gnách go dtiteann Mionionsaí amach níos luaithe sa lá agus i gcaitheamh na seachtaine go léir. I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar thaifid PULSE, léirítear go mbíonn 8% de na teagmhais Ionsaí is Cúis le Díobháil agus 3% de theagmhais Mhionionsaí nasctha le scian[1]. Cé gur tháinig méadú 23% ar líonta na dteagmhas a bhain le hArm Ionsaitheach a Shealbhú ina raibh scian bainteach idir 2016 agus 2017, tháinig laghdú 38% ar an líon teagmhas Ionsaí is Cúis le Díobháil ina raibh scian bainteach i gcaitheamh na tréimhse ama seo.

Tháinig laghdú 9% ar **bhuirgléireacht** idir 2016 agus 2017, agus tháinig laghdú 22% agus 37%, faoi seach, ar **Robáil ón Duine** agus **Robáil ó Bhunaíocht/Institiúid**. Ar an meán, bhí beirt chiontóirí bainteach i ngach teagmhas buirgléireachta agus bhí 2.1 ciontóir nasctha le gach cion Robála ón Duine in 2017. Féadfaidh daoine fásta comhchiontú a dhéanamh agus i gcás Buirgléireachtaí, bhí 14% de chiontóirí a sainaithníodh os cionn 18 mbliana d'aois nuair a thit an cion amach. Is gnách go mbíonn ciontóirí ilghníomhach agus bhí 38% díobh bainteach i mBuirgléireacht nó UT (feithicil) a bhí nasctha le deich gcion nó ní ba mhó idir 2013 agus 2017, agus cuimsítear ciontóirí Robála ón Duine sa chatagóir ráta ardchiontaithe seo.

[1] *Níl ach sonraí táscacha i gceist leo seo: PULSE MO – Airm/Uirlisí a Úsáideadh = Úsáideadh scian agus cuardach agus seiceáil inste ar na focail scian, sá, lann, gearr, lena dheimhniú an raibh scian bainteach sna hIonsaithe, agus úsáideadh Earra bainteach, chomh maith, i dtaobh Cionta um Arm a Shealbhú – is soiléir nach dtabharfaidh seo na teagmhais go léir aníos atá ina n-ábhar spéise.*

Tá méadú suntasach tagtha ar **chionta drugaí** i measc daoine óga in 2017 agus tá méadú 33% tagtha ar Sheilbh Shimplí agus tá méadú 40% tagtha ar Dhíol/Sholáthar Drugaí i gcomparáid le figiúirí 2016. Tháinig méadú 8% ar Chuardaigh Dhrugaí, ar an iomlán, in 2017 agus tá 12% de na cuardaigh nasctha le duine faoi 18 mbliana d'aois. Is é an cóimheas idir cion Seilbhe Simplí agus Cuardach Drugaí i gcás linbh 1:12, ach is ionann an cóimheas seo, ar an iomlán, agus thart ar 1:6. Tugann seo ráta Cuardaigh Drugaí níos airde le fios i measc daoine óga ná don daonra go ginearálta. Is é luibh channabais an saghas druga is coitianta atá nasctha le Drugaí a Dhíol/a Sholáthar arbh ionann sin agus 47% agus 78% de theagmhais, faoi seach, in 2017 atá nasctha le daoine óga.

**Ciontú in aghaidh chinneadh an chéad atreoraithe**

Ní dhearna 64% de na daoine aonair ar tugadh Foláireamh Neamhfhoirmiúil dóibh (ar glacadh leo ar an gClár Athstiúrtha), mar a gcéad fholáireamh, idir 2013 agus 2017, athchiontú a fhad le 2017. Ní dhearna 66% díobh siúd ar tugadh Foláireamh Neamhfhoirmiúil dóibh mar a gcéad fholáireamh agus 49% díobh siúd ar tugadh Foláireamh Foirmiúil dóibh mar a gcéad fholáireamh athchiontú i gcaitheamh na tréimhse ama seo.

Má bhíonn Robáil ón Duine, Goid ó MPV nó Goid ón Duine mar an gcéad chion, is táscairí níos láidre iad seo go ndéanfar ciontú ilghníomhach amach anseo (breis agus 10 gcion idir 2013 agus 2017) ná saghsanna ciona eile. Bíonn 17% de chiontóirí Robála ón Duine nó Gada ó MPV nó mar an gcéad chion agus 15% de Ghoid ón Duine mar an gcéad chion nasctha le breis agus deich gcion idir 2013 agus 2017.

**Treochtaí daonra óige**

Meastar go dtiocfaidh méadú 9% ar an daonra díobh siúd idir 12 aois agus 17 mbliana sna chéad chúig bliana eile amach romhainn, ach b'fhéidir nach dtabharfaidh seo méadú ar chiontóirí le fios i gcaitheamh na tréimhse ama seo – tháinig méadú 5% idir 2012 agus 2017 ar an daonra seo agus tháinig 13% ar líon na leanaí a atreoraíodh.

# CUID III

## 11. FORBAIRTÍ AR ATHSHTIÚRADH

### Acmhainní an GYDO

I ndiaidh gur tháinig méadú ar acmhainní sealadacha in O sa ráithe dheiridh in 2017, chuaigh ceathrar comhaltaí breise de chéim Gharda le foireann an GYDO ar bhonn sealadach. Ceapadh Cigire Garda breise, chomh maith, leis an oifig ar bhonn buan. Mhéadaigh seo acmhainn na hoifige agus chuir sé ar chumas Aonad Beartas an Chláir Athstiúrtha a bhunú laistigh den an GYDO. Cuireann an Coiste fáilte roimh an méadú ar acmhainní ag an GYDO ach tá buarthaí ann go fóill mar gheall gur ceapacháin shealadacha iad ceithre cinn de na cúig acmhainn bhreise agus teastaíonn ceapacháin bhuana.

### Aonad Beartas an Chláir Athstiúrtha

Bunaíodh an tAonad Forbartha Beartas Athstiúrtha (DPPU) ar mhaithe le nósanna imeachta agus beartais chaighdeánacha náisiúnta oibriúcháin a fhorbairt lena chinntiú go nglactar le cur chuige caighdeánaithe agus dea-chleachtais i leith bhainistíocht an Chláir Athstiúrtha agus Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Is é a chroíchuspóir chun beartas, nósanna imeachta agus oiliúint náisiúnta a fhorbairt, a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm maidir le gach gné den Chlár Athstiúrtha agus Tionscadail Athstiúrtha le dea-chleachtas agus cleachtas comhsheasmhach a chinntiú.

Aithníodh go raibh gá le forbairt beartais lena chinntiú go ndéantar an fhorbairt beartais atá ag titim amach ar fud na tíre i dtabhairt faoi cheanglais Chuid IV d'Acht na Leanaí, 2001, a ghabháil, a dhoiciméadú, agus a fhorbairt i gceart isteach sa bheartas. Is é ról an DPPU chun scoth an dea-chleachtais seo a thabhairt isteach i mbeartas a thabharfar isteach ansin go náisiúnta. Stiúrfaidh na beartais seo an bealach a oibreoidh an OIÓ na Gardaí go léir amach anseo nuair a bhíonn siad ag idirghníomhú le ciontóirí linbh. Cuimseoidh na beartais na céimeanna atá le leanúint ón gcéad teagmháil a dhéanann Garda le leanbh, an bealach go léir go dtí go bhfágann an leanbh an Clár Athstiúrtha.

### Leagan 7.3 PULSE

In Iúil 2017, sainaithníodh go n-imreodh roinnt de na hathruithe laistigh de leagan 7.3 de PULSE a scaoilfear go luath in 2018, tionchar ar an bpróiseas lena mbaineann déileáil le hatreoruithe óige ar PULSE. Bunaíodh grúpa teicniúil ina raibh foireann an GYDO chun treoirphlean próisis a thabhairt chun cinn maidir le teagmhas ina raibh duine óg bainteach agus chun na bearnaí a shainaithint, agus más gá, an deisiú riachtanach TF, atá le cur san áireamh i Leagan 7.3 de PULSE. Tá obair an ghrúpa theicniúil ar siúl agus leanfar leis isteach in 2018. Tabharfaidh na hathruithe pleanáilte a chuimsítear i Leagan 7.3 de PULSE maidir le hatreoruithe óige a ghiniúint próiseas níos daingne a bhaineann le hatreoruithe óige a chruthú. Cinnteoidh sé nach féidir atreorú a chruthú go dtí go ndearnadh an teagmhas a athbhreithniú ar PULSE ag an Oifigeach Ceantair ábhartha (Ceannfort Garda) nó ag Riarthóir ábhartha an Chreata um Chuntasacht Feidhmíochta (CCF) thar ceann an Oifigigh Cheantair. Tabharfar údarú ansin don chomhalta Imscrúdaithe Garda chun atreorú óige a chruthú agus ní bhfaighidh an GYDO an t-atreorú óige agus ní dhéanfaidh sé/sí cinneadh faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an leanbh oiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár Athstiúrtha (féach Fíor 1 - An Próiseas Athstiúrtha Óige), ach i ndiaidh gur tugadh an próiseas seo chun críche.

## Rialachas agus dearbhú cáilíochta méadaithe ag an GYDO

Tugadh roinnt próisis um dhearbhú cáilíochta isteach ag an GYDO mar fhreagairt do mholtaí a bheartaítear i dTuarascáil an Aonaid um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána agus Tuarascáil Athbhreithnithe ar an gClár Athstiúrtha de chuid an Choimisinéara leis an mBreitheamh Gillian Hussey (ar scor) atá le foilsiú in 2018. Bhí an GYDO réamhghníomhach i nósanna imeachta feabhsaithe rialachais a thabhairt isteach maidir le cáilíocht an phróisis daoine óga sular foilsíodh na tuarascálacha seo, cruthú teagmhais, athbhreithniú ar atreoruithe, comhaid imscrúdaithe agus cinnteoireacht ina dhiaidh sin ag an GYDO, monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha ag Ceantair ar treoracha an GYDO agus iarrataí ar fhaisnéis ina measc. Tá idirchaidreamh leis an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána, Aonad Beartas an Chláir Athstiúrtha, agus an dara Cigire Garda ag an GYDO ag tacú leis seo.

## Athbhreithniú Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig ar Acht na Leanaí, 2001.

Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar Acht na Leanaí (arna leasú), 2001 ag Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (IYJS) le 4ú Comhdháil Bhliantúil Ghníomhaireachtaí um Ceartas Coiriúil na hÉireann (ICJA) i gcomhar leis an gCumann Taighde agus Forbartha Coiriúla (ACJRD) a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 4 Iúil 2017. Tá an t-athbhreithniú ar an Acht á chomhordú ag an IYJS i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile, an Garda Síochána ina measc, agus tá súil leis go dtabharfar faoi phróiseas comhairliúcháin níos fairsinge chun eolas a sholáthar d’fhorbairt tograí d’athchóiriú reachtaíochta.

# 12. DÚSHLÁIN AGUS RIOSCAÍ ROIMH AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA

### 1) Athbhreithniú reatha ar shaincheisteanna a shainaithnítear i dtuarascáil an GPSU

I ndiaidh don Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána athbhreithniú a dhéanamh ar an GYDO, sainaithníodh roinnt saincheisteanna a bhí ina n-ábhar buartha agus bunaíodh foireann athbhreithnithe speisialta ina dhiaidh sin chun tabhairt faoi na saincheisteanna siúd a fhiosrú. Eascraíonn údar breise buartha as an bhfaisnéis atá ag teacht chun cinn agus tugann sé le fios go gcruthóidh ábhar na tuarascála deiridh dúshlán nach beag don Chlár Athstiúrtha. Tá an fhoireann athbhreithnithe speisialta ag leanúint leis an athbhreithniú seo agus tá súil le tuarascáil deiridh déanach in 2018. Meastar gurb é seo an príomhdhúshlán agus an príomhriosca atá roimh an gClár ag féachaint chun cinn ag an bpointe seo

### 2) Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána atá gann ar acmhainní

Cuireadh cás gnó faoi bhráid an GYDO in 2017 d'acmhainní buana breise san oifig. Cé go bhfáiltíonn an Coiste roimh fhoireann bhreise a leithdháileadh ag an GYDO, leithdháileadh ceathrar den chúigear comhaltaí breise Garda ar bhonn sealadach agus níl baint bhuan acu leis an oifig. Ar an ábhar sin, ábhar buartha go fóill don Choiste is ea GYDO atá gann ar acmhainní. Cuireann sé bac ar an GYDO ina chuid oibre chun leanúint le feabhas a chur ar oibriú an Chláir Athstiúrtha agus chun rialachas cuí a fhorbairt agus a sholáthar, a theastaíonn le héifeachtacht an Chláir Athstiúrtha a chinntiú.

### 3) An tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017

Sholáthair Alt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017 agus Alt 34 den Acht céanna a leasaíonn Alt 26 d'Acht na Leanaí, 2001 soiléiriú ar an bpróiseas Ceartais Aisiríoch. D'fhonn a gcuid oibleagáidí faoi Alt 26 den Acht a chomhlíonadh agus a chinntiú go leantar le Ceartas Aisiríoch a úsáid laistigh den Chlár Athstiúrtha, beidh ar an nGarda Síochána roinnt bearta a chur i bhfeidhm chun an t-íospartach a chosaint i rith an phróisis cheartais aisiríoch.

### 4) Leanaí i gCúram

Baineann ríthábhacht leis an ngá atá le comhoibriú idirghníomhaireachta chun tacú leis an gClár Athstiúrtha chun dul i ngleic le hiompar ciontaithe i measc leanaí i gcúram an Stáit a mheastar nach bhfuil oiriúnach lena gcuimsiú nó a bhfuil breithniú á dhéanamh orthu lena gcuimsiú sa Chlár. Teastaíonn an comhoibriú idirghníomhaireachta seo chun dul i ngleic le riachtanais chasta na leanaí seo, go háirithe trí idirghabháil theiripeach, atá bunriachtanach chun tacú le riachtanach leasa an linbh agus cosc a chur ar aon iompar breise coiriúil. Cuireann an Coiste fáilte roimh chur chuige comhoibritheach an fhoghrúpa a bhunaigh Foireann an Phlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a bhaineann le leanaí i gcúram an Stáit a bhíonn bainteach i gcoireacht, agus leanfaidh siad a ngníomhaíochtaí go dlúth in 2018..

### 5) Na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016.

Foráiltear sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 do bhonn reachtaíochta chun grinnfhiosrúchán éigeantach a dhéanamh ar dhaoine ar mian leo tabhairt faoi obair nó gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le leanaí nó daoine leochaileacha nó seirbhísí áirithe a sholáthar do leanaí nó daoine leochaileacha. Foráiltear san Acht do "faisnéis shonraithe" a sholáthar nuair is ann do bhuarthaí bona fide i ndáil le leanaí agus daoine leochaileacha. Tá aimhrialtacht ann faoi láthair sa reachtaíocht sa mhéid nach féidir ciontuithe coiriúla linbh a nochtadh faoi Alt 258 d'Acht na Leanaí, 2001, ar mhaithe le grinnfhiosrúchán ach is féidir cuimsiú linbh sa Chlár Athstiúrtha a nochtadh. Tá riosca ann go bhféadfadh go mbainfí de luach an Chláir Athstiúrtha mar rogha eile ar ionchúiseamh coiriúil mar thoradh ar na forálacha seo. Ina theannta sin, b'fhéidir go gcuirfidh siad srian ar OIÓanna agus comhaltaí Garda eile chun tairbhí an Chláir Athstiúrtha a chur chun cinn mar bhealach chun déileáil le ciontú linbh mar gheall go mbíonn buairt ar an leanbh agus ar a dtuismitheoirí faoin tionchar féideartha a d'fhéadfadh cuimsiú sa Chlár Athstiúrtha a imirt ar thodhchaí linbh.

# 13. MOLTAÍ

Déanann Coiste Monatóireachta Alt 44 a ceapadh chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha na moltaí seo a leanas;

### 1) Torthaí ar an Athbhreithniú ar an gClár Athstiúrtha

Faoi mar a moladh i dtuarascálacha roimhe, molann an Coiste arís eile go dtéitear i mbun gnímh i leith na dtorthaí go léir a chuimsítear san athbhreithniú i gcaitheamh 2018 agus ina dhiaidh chun go ndéantar iomláine an Chláir a chaomhnú agus chun go dtéitear sa tóir ar shármhaitheas. Tugann an Coiste faoi deara go bhfuil na dúshláin nach beag a bhaineann leis an gClár, faoi mar a shainaithin an GPSU, á bhfiosrú go domhain agus leanfar leis seo isteach in 2018. Moltar go leantar leis seo agus ar a chríochnú, go réitítear na saincheisteanna a shainaithnítear mar phríomhthosaíocht.

### 2) Díriú go cuí ar acmhainní

Le héifeachtacht an Chláir Athstiúrtha a chinntiú, teastaíonn infheistíocht chuí sa Chlár agus a struchtúir thacaíochta, Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, Oifigigh Idirchaidrimh don Óige i ngach Ceantar an Gharda Síochána agus Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Caithfidh an infheistíocht seo a bheith dírithe i gceart agus is féidir cabhrú leis sin trí thaighde agus anailís ar nós na tuarascála atá ar ceangal ag an GSAS ar Ógchoireacht 2013-2017. Léirítear sa tuarascáil seo na limistéir ina dtiteann tromchoireacht a dhéanann leanaí amach agus moltar gur cheart an tuarascáil seo agus a mhacasamhail de thuarascálacha a úsáid chun infheistíocht a dhíriú chun atitimeachas a laghdú i measc leanaí agus chun iad a atreorú amach ón gcóras dlí choiriúil.

### 3) Bearta a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017

Tá an Coiste sásta go dtacaíonn an soiléiriú a sholáthraítear in Alt 26 agus 34 d'Acht 2017 leis na forálacha dá bhforáiltear in Alt 26 d'Acht na Leanaí, 2001 maidir le Ceartas Aisiríoch agus go n-athdhearbhaíonn siad iad. Moltar, ar an ábhar sin, go bhfiosraítear Foláirimh Aisiríocha i ngach cás in 2018.

### 4) Acmhainní buana a leithdháileadh ar Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána

Cé go bhfáiltítear roimh acmhainní breise a leithdháileadh ar an GYDO, acmhainní sealadacha iad agus moltar go sanntar acmhainní breise buana don oifig.

### 5) Leanaí i gCúram

Torthaí an athbhreithnithe atá á dhéanamh ag an bPlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig 2014-2018 maidir le hógchiontóirí atá i gcúram an Stáit atá le breithniú in 2018.

### 6) Oiliúint

Leanúint le hoiliúint a chur ar OIÓanna in Ionduchtúchán, Idirghabháil agus Éascaitheoir Ceartais Aisiríoch agus an mhonatóireacht leanúnach ar aon riachtanais bhreise oiliúna a d'fhéadfadh teacht chun solais.

# AGUISÍN

**A)** Anailís ar Ógchoireacht 2013-2017. Barry Coonan-Seirbhísí Anailíse an Gharda Síochána. 2018

# Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána

# Anailís ar Ógchoireacht

# *2013 – 2017*

*Tá an fhaisnéis go léir a chuimsítear sa tuarascáil seo bunaithe ar shonraí oibríochtúla ó chóras PULSE, faoi mar a bhí ar fáil an 29 Márta 2018.*

Curtha le chéile ag: Barry Coonan
Anailísí Coireachta agus Póilíneachta
Láthair: Ceanncheathrú an Gharda Síochána
Dáta: 10 Bealtaine 2018
Guthán: 01-6661200

# Clár Ábhar

**Achoimre Feidhmiúcháin:** .......... 3

**Treochtaí Cinnidh:** .......... 6

**Treochtaí Ciona:** .......... 8

**Ciontú i measc ban:** .......... 11

**Mí-Oiriúnach sa Chás Seo Amháin:** .......... 13

**Treochtaí i gcionta Tromchúiseacha agus Tionchair:** .......... 15

- **Cionta dúnbhásaithe agus gaolmhara:** .......... 15
- **Cionta Gnéasacha:** .......... 16
- **Ionsaithe:** .......... 17
- **Coireacht Réadmhaoine Fhoréigneach agus Tionchair:** .......... 19
- **Cionta Drugaí:** .......... 21

**Torthaí bunaithe ar an 1ú cion:** .......... 22

**Treochtaí daonra óige:** .......... 23

**Aguisín 1: Atreoruithe UTCO** .......... 24

**Aguisín 2: Cionta Tionchair:** .......... 26

## Achoimre Feidhmiúcháin:

**Treochtaí cinnidh:**

Ba iad cinntí 'Mí-Oiriúnach sa Chás seo Amháin' (UTCO) na cinntí ba choitianta a rinneadh ó 2013 go 2015, ach ó shin i leith, tugadh 'Foláirimh Neamhfhoirmiúla' ní ba choitianta agus b'ionann iad agus 37% de na hatreoruithe sa chéad leath de 2017, agus b'ionann UTCOanna agus 31%.

**Treochtaí ciona:**

B'ionann ach ceithre shaghas de chion agus 49% de na cionta a bhí nasctha le daoine óga in 2017 - Goid ó Shiopa 21%, Cionta Oird Phoiblí 13%, Díobháil Choiriúil 8% agus Seilbh Shimplí 7%.

Is ionann goid ó shiopa agus comhréir mhéadaitheach de chionta atá nasctha le daoine óga, agus tháinig méadú 5% air in 2017 i gcomparáid le 2016 agus tháinig méadú 16% air i gcomparáid le cúig ó shin in 2013. Ag an am céanna, tá gach cion eile laghdaithe 3% i gcomparáid leis an mbliain seo caite agus tá laghdú 17% tagtha orthu i gcomparáid le hiomlán 2013.

Ba ghnách gur ciontóirí baineanna a rinne goid ó shiopa (55%), rinne 61% díobh ciontú uair amháin, agus rinne 46% díobh ciontú le daoine eile agus tugadh Foláireamh Neamhfhoirmiúil do 60% díobh.

Tharla 6.2% de na cionta Meisce, 5.9% de na cionta Oird Phoiblí agus 5.9% de na teagmhais a bhain le hAlcól a Cheannach/a Ól, i measc daoine faoi 18 mbliana d'aois, le cúig bliana anuas, ar Lá Fhéile Pádraig agus an 31 Deireadh Fómhair.

**Ciontóirí baineanna:**

Bhí 28% de chiontóirí linbh, a cuireadh i gcuntas in 2017, baineann agus tháinig méadú 10% in 2017 ar an líon ciontóirí baineanna, i gcomparáid le bliain ní ba luaithe.

Ciontóirí aonuaire iad 78% de chiontóirí baineanna, i gcomparáid le 61% de chiontóirí fireanna. Ní raibh ach 1.4% de chiontóirí baineanna nasctha le deich nó ní ba mhó teagmhas sa tréimhse cúig bliana ó 2013 go 2017, agus tagann 4.9% de chiontóirí fireanna faoi chuimsiú na haicme seo.

**Cinntí UTCO:**

Bhí laghdú ag teacht ar chinntí UTCO anuas ó 37% de na cinntí go léir in 2015 go dtí 31% sa chéad leath in 2017.

Bhí 37% de na daoine aonair UTCO nasctha le deich gcion nó ní ba mhó i gcaitheamh na gcúig bliana ó 2013 go 2017.

Ba chiontóirí aonuaire 28% de na daoine aonair a fuair cinneadh UTCO in 2017.

Is é Goid ó Shiopa an saghas ciona is coitianta óna n-eascraíonn cinneadh UTCO agus bhí 35% de na ciontóirí seo nasctha leis an saghas seo coire. Ba chiontóirí aonuaire 155 ciontóir a Ghoid

ó Shiopa nó 37% agus ba mhic léinn teanga ón Spáinn, an Iodáil agus an Fhrainc 111 díobh siad a ndearnadh an cinneadh seo ina dtaobh mar gheall gur 'fhág siad an dlínse'. Ba é an chúis go ndearnadh an cinneadh nár admhaigh an leanbh go ndearna sé/sí an cion, gur fhág sé/sí an dlínse agus nach raibh ar chumas na nGardaí teagmháil a dhéanamh leis/léi.

**Cionta Tromchúiseacha agus Tionchair:**

Is iad **bagairtí dúnmharaithe** an cion Dúnbhásaithe agus gaolmhar is coitianta i measc daoine faoi 18 mbliana d'aois agus, cé gurb íseal don líon díobh a thiteann amach, tá méadú substainteach tagtha orthu in 2017, agus méadú 62% i gcomparáid le 2016, tráth a cuireadh 21 teagmhas i gcuntas.

I measc 58% de na bagairtí dúnmharaithe, rinne fear an bhagairt ar fhear eile. I measc 34% de na cásanna, rinne fear an bhagairt ar bhean. Bhí an tríú cuid de chiontóirí in 2017 faoi 15 bliana d'aois.

I 79% de na cásanna a bhain le cásanna **Ciona Ghnéasaigh**, bhain atreorú a cruthaíodh in 2017 le teagmhas a tharla roimh 2017.

Is gnách go mbíonn ciontóirí amhrasta níos sine ná an té a ndearnadh éagóir air. Bhí siad 14.6 bliain agus 13.2 bliain d'aois, ar an meán, faoi seach, in 2017.

Tá 46% de na ciontóirí a bhí nasctha le cionta gnéasacha in 2017, nasctha le breis agus coir amháin, d'aon saghas, i gcaitheamh na gcúig bliana ó 2013 go 2017. Bhí 11% díobh nasctha le breis agus cion gnéasach amháin.

Fir atá in 89% de chiontóirí **Ionsaí is Cúis le Díobháil** agus mná 11% iad, agus is mná a bhíonn i gceist in 29% de na cásanna **Mionionsaí**.

Ba í meánaois na gciontóirí a thug faoi Ionsaí is Cúis le Díobháil in 2017 17.5 bliain d'aois agus i dtaobh Mionionsaí, b'óige an mheánaois - 15.4 bliain d'aois.

Is gnách go mbíonn Ionsaí is Cúis le Díobháil nasctha leis an ngeilleagar oíche (ó Aoine go Domhnach idir 8pm agus 4am), ach is gnách go dtiteann Mionionsaí amach níos luaithe sa lá agus i gcaitheamh na seachtaine go léir.

I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar thaifid PULSE, léirítear go mbíonn 8% de na teagmhais Ionsaí is Cúis le Díobháil agus 3% de theagmhais Mhionionsaí nasctha le scian. Cé gur tháinig méadú 23% ar líonta na dteagmhas a bhain le hArm Ionsaitheach a Shealbhú ina raibh scian bainteach idir 2016 agus 2017, tháinig laghdú 38% ar an líon teagmhas Ionsaí is Cúis le Díobháil ina raibh scian bainteach i gcaitheamh na tréimhse ama seo.

Tháinig laghdú 9% ar **bhuirgléireacht** idir 2016 agus 2017, agus tháinig laghdú 22% agus 37%, faoi seach, ar **Robáil ón Duine** agus **Robáil ó Bhunaíocht/Institiúid**.

Ar an meán, bhí beirt chiontóirí bainteach i ngach teagmhas buirgléireachta agus bhí 2.1 ciontóir nasctha le gach cion Robála ón Duine in 2017.

Féadfaidh daoine fásta comhchiontú a dhéanamh agus i gcás Buirgléireachtaí, bhí 14% de chiontóirí a sainaithníodh os cionn 18 mbliana d'aois nuair a thit an cion amach.

Is gnách go mbíonn ciontóirí ilghníomhach agus bhí 38% díobh bainteach i mBuirgléireacht nó UT (feithicil) a bhí nasctha le deich gcion nó ní ba mhó idir 2013 agus 2017, agus cuimsítear ciontóirí Robála ón Duine sa chatagóir ráta ardchiontaithe seo.

Tá méadú suntasach tagtha ar **chionta drugaí** i measc daoine óga in 2017 agus tá méadú 33% tagtha ar Sheilbh Shimplí agus tá méadú 40% tagtha ar Dhíol/Sholáthar Drugaí i gcomparáid le figiúirí 2016.

Tháinig méadú 8% ar Chuardaigh Dhrugaí, ar an iomlán, in 2017 agus tá 12% de na cuardaigh nasctha le duine faoi 18 mbliana d'aois.

Is é an cóimheas idir cion Seilbhe Simplí agus Cuardach Drugaí i gcás linbh 1:12, ach is ionann an cóimheas seo, ar an iomlán, agus thart ar 1:6. Tugann seo ráta Cuardaigh Drugaí níos airde le fios i measc daoine óga ná don daonra go ginearálta.

Is é luibh channabais an saghas druga is coitianta atá nasctha le Drugaí a Dhíol/a Sholáthar arbh ionann sin agus 47% agus 78% de theagmhais, faoi seach, in 2017.

**Ciontú in aghaidh chinneadh an chéad atreoraithe:**

Ní dhearna 64% de na daoine aonair ar tugadh Foláireamh Neamhfhoirmiúil nó Foirmiúil dóibh mar a gcéad fholáireamh idir 2013 agus 2017 athchiontú a fhad le 2017. Ní dhearna 66% díobh siúd ar tugadh Foláireamh Neamhfhoirmiúil dóibh mar a gcéad fholáireamh agus 49% díobh siúd ar tugadh Foláireamh Foirmiúil dóibh mar a gcéad fholáireamh athchiontú i gcaitheamh na tréimhse ama seo.


Má bhíonn Robáil ón Duine, Goid ó MPV nó Goid ón Duine mar an gcéad chion, is táscairí níos láidre iad seo go ndéanfar ciontú ilghníomhach amach anseo (breis agus 10 gcion idir 2013 agus 2017) ná saghsanna ciona eile agus bhí 17% de chiontóirí an chéad dá chion agus 15% den tríú cion nasctha le breis agus 10 gcion idir 2013 agus 2017.

**Treochtaí daonra óige:**

Meastar go dtiocfaidh méadú 9% ar an daonra díobh siúd idir 12 aois agus 17 mbliana sna chéad chúig bliana eile amach romhainn, ach b'fhéidir nach dtabharfaidh seo méadú ar chiontóirí linbh le fios i gcaitheamh na tréimhse ama seo – tháinig méadú 5% idir 2012 agus 2017 ar an daonra seo agus tháinig 13% ar líon na leanaí a atreoraíodh.

## Treochtaí Cinnidh:

Tá laghdú ag teacht ar líon na n-atreoruithe a chruthaítear bliain i ndiaidh bliana ó 2011 go 2016, agus tá treochtaí laghdaitheacha á dtabhairt faoi deara, chomh maith, i measc na líonta leanaí atá á n-atreorú roimh 2008, ach tá méadú tagtha ar an dá bheart in 2017 – féach Fíor 1 thíos.





*Fíor 1: Líon na ndaoine aonair agus na n-atreoruithe a cruthaíodh de réir na bliana sa tréimhse ó 2008 go 2017.*

Ní hé go gcruthaítear atreoruithe an dáta a tharlaíonn an teagmhas mar gheall ar mhoilleanna ar thuairisciú i measc páirtithe díobhálaithe agus an t-am a ghlacann sé imscrúdú a dhéanamh ar an gciontóir amhrasta agus é/í a shainaithint – i gcás 8.5% de na hatreoruithe a cruthaíodh in 2017, tharla an cion roimh 2017. Áirítear le saghsanna ciona ina ndearnadh comhréir ard d'atreoruithe a cruthaíodh in 2017, ach inar tharla an teagmhas roimh 2017, Ionsaí Gnéasach (nach tromionsaí é) (82%) agus Éigniú (80%).

Glacann sé am ón tráth a chruthaítear atreorú an duine óig i dtosach ar PULSE go dtí go ndéantar moladh deiridh.

Léirítear i bhFíor 2 thíos iomláin mhíosúla de mholtaí a rinneadh ó 2013 go 2017 bunaithe ar cathain a tharla an cion. Tabhair faoi deara, ó thart ar faoi Iúil 2017 go dtí deireadh na bliana, tá méadú seasta tagtha ar na líonta de 'Iarrataí ar bhreis faisnéise' - féach an líne dhearg phoncaithe i bhfíor 2 thíos. Tugann seo le fios nach ndearnadh atreoruithe a phróiseáil go hiomlán go fóill. Ar an ábhar sin, b'fhéidir nach mbeidh cinntí i ndiaidh an phointe seo, Iúil 2017, a bheith sábháilte lena n-úsáid nuair a bhíonn treochtaí cinnidh atreoraithe daoine óga á léirthuiscint.




*Fíor 2: Líon iomlán na gcinntí de réir saghais bunaithe ar cathain a dhéantar an teagmhas a bhreacadh anseo ó 2013 go 2017. Tugann an líne dhearg phoncaithe le fios líon méadaitheach iarrataí ar bhreis faisnéise ó Iúil 2017 ar aghaidh.*

Léirítear i bhFíor 2 gur tháinig laghdú ar mholtaí 'Mí-Oiriúnach sa Chás Seo Amháin' (UTCO) i lár 2015 agus cé gurbh é seo an moladh ba choitianta a eisíodh a fhad le Bealtaine 2016, tugadh 'Foláirimh Neamhfhoirmiúla' ní ba choitianta. Sa chéad leath de 2015, ba é UTCO an saghas ba mhó de mholadh a rinneadh, agus b'ionann é agus 38% de na moltaí go léir. Faoin gcéad leath de 2017, tháinig laghdú ar an gcomhréir de UTCOanna anuas go dtí 31% agus tháinig méadú ar 'Fholáirimh Neamhfhoirmiúla' aníos ó 30% go 37% - féach tábla 1 thíos.


| | **Mí-Oiriúnach sa Chás Seo Amháin** | **Foláireamh Neamhfhoir miúil** | **Foláiream h Foirmiúil** | **Gníomh ar Bith Breise** | **Eile (aisiríoch)** | **Iarrataí ar fhaisnéis** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2015 Ean-Mei** | **38%** | 30% | 19% | 5% | 8% | 0% |
| **2017 Ean-Mei** | 31% | **37%** | 22% | 4% | 4% | 2% |

*Tábla 1: Céatadán na saghsanna moltaí don chéad leath de 2015 amhail an chéad leath de 2015 i gcomparáid leis an gcéad leath de 2017.*

Tá roinnt tosca ann a bhaineann leis na hathruithe ar phatrúin mholtaí a tugadh faoi deara le blianta beaga anuas, ar nós comhréir mhéadaitheach de chiontóirí aonuaire, treochtaí sna saghsanna cionta a dhéantar agus an patrún de chiontú i measc ban. Tá iad seo i measc na n-ábhar a scrúdaítear sna míreanna thíos.


## Treochtaí Ciona:

Cuimsítear líon beag de shaghsanna ciona i gcomhréir mhór de chionta a dhéanann leanaí ach ní raibh ach 4 shaghas de chion i gceist le 49% de na teagmhais a tharla in 2017 (féach fíor 3 thíos). In 2017, b'ionann Goid ó Shiopa, an saghas ciona ba choitianta, agus ach beagán de bhreis ar cion amháin as gach cúig chion.




*Fíor 3: Cionta 2017 miondealaithe de réir saghais agus na 5 shaghas ciona ba mhó lipéadaithe.*

Tá athrú tagtha ar an bpatrún ciontaithe le blianta beaga anuas agus tá méadú de réir a chéile tagtha ar chionta Gada ó Shiopa ach tá laghdú ag teacht ar an dara saghas ciona is coitianta, Ord Poiblí - féach fíor 4 thíos. In 2013, b'ionann cionta Gada ó Shiopa agus Oird Phoiblí agus 16% de na cionta a bhí nasctha le daoine faoi 18 mbliana d'aois, b'ionann seo in 2017 agus 21% i dtaobh Goid ó Shiopa agus Ord Poiblí agus 13% i dtaobh daoine faoi 18 mbliana d'aois.




*Fíor 4: Treocht bhliantúil i líonta na saghsanna ciona is coitianta.*


Mar gheall ar a mhéid, féadfaidh athruithe ar Ghoid ó Shiopa tionchar mór a imirt ar shaintréithe foriomlána ciontaithe i measc daoine óga, agus caitear súil níos géire ar an saghas seo ciona anseo agus cuirtear i gcomparáid é le saintréithe gach saghas eile de chiontú i dteannta a chéile.

| | Mí-Oiriúnach sa Chás Seo Amháin | Foláireamh Neamhfhoirmiúil | Foláiream h Foirmiúil | Gníomh ar Bith Breise | Eile (aisiríoch) | Iarrataí ar fhaisnéis |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2015 Ean-Mei** | **38%** | 30% | 19% | 5% | 8% | 0% |
| **2017 Ean-Mei** | 31% | **37%** | 22% | 4% | 4% | 2% |


*Tábla 2: Comparáid idir Goid ó Shiopa agus gach saghas ciona eile i dteannta a chéile i dtaobh bearta éagsúla agus bunaítear an ríomh ar shonraí 2017.*

Tugtar chun solais i dTábla 2 cuid de na difríochtaí idir Goid ó Shiopa agus saghsanna eile ciona. Tá méadú tagtha ar Ghoid ó Shiopa in 2017 agus tá laghdú tagtha ar shaghsanna ciona eile. Is dóchúla go dtabharfar Foláireamh Neamhfhoirmiúil mar gheall ar Ghoid ó Shiopa i gcomparáid le gach cion eile. Is mná tromlach na gciontóirí agus is dóchúla go ndéanfaidh siad ciontú i ngrúpa beirte nó níos mó.

Tugann cruth threochtaí an phróifíl aoise i dtaobh ciontóirí Gada ó Shiopa a léirítear i bhfíor 5 agus 6 thíos saintréithe ciontóra le fios atá an-difriúil nuair a dhéantar comparáid idir Goid ó Shiopa agus na cionta eile.




*Fíor 5: Próifíl aoise ciontóirí Gada ó Shiopa.*





*Fíor 6: Próifíl aoise na gciontóirí go léir seachas ciontóirí Gada ó Shiopa.*

Is óige ciontóirí Gada ó Shiopa agus bíonn an chuid is mó de na ciontóirí siúd idir 14 agus 15 bliana d'aois agus bíonn meánaois 15.2 bliain acu. I dtaobh na gcionta eile go léir, bíonn an chuid is mó díobh 17 mbliana d'aois agus bíonn meánaois 16.0 bliain acu.

Nuair a chuirtear san áireamh gurb é Goid ó Shiopa an cion is coitianta a dhéanann daoine óga, go bhfuil méadú ag teacht air le blianta beaga anuas agus go bhfuil saintréithe aige nach cosúil iad le saghsanna ciona eile, ní hionadh go bhfuil athrú ag teacht ar shaintréithe foriomlána ciontaithe i measc daoine óga agus ar mholtaí (líonta méadaitheacha d'atreoruithe, méadú ar Fholáirimh Neamhfhoirmiúla).

Is neamhghnách don dara ciona is coitianta ina mbíonn leanaí bainteach, ciontú Oird Phoiblí, mar gheall go dtugtar ardú tobann ar líonta na dteagmhas ar dhá lá den bhliain, Lé Fhéile Pádraig agus Oíche Shamhna – féach fíor 7 thíos. Le 5 bliana anuas, tharla 5.9%, ar an meán, den líon iomlán de theagmhais Oird Phoiblí ar an dá lá seo amháin – dá mbeadh gach rud cothrom, bheadh súil leis go dtarlódh 1/365 nó 0.3% de na teagmhais ar aon lá den bhliain.

Tharla 6.2% de na cionta Meisce go léir agus 5.9% de na cionta a bhain le hAlcól a Cheannach/a Ól i measc daoine faoi 18 mbliana d'aois le cúig bliana anuas ar na dátaí seo, chomh maith.





Fíor 7: Tugtar dhá ardú thobanna ar chionta Oird Phoiblí de réir lá na bliana i líon na dteagmhas, atá ciorclaithe, an 17 Márta agus an 30 Deireadh Fómhair.

Dáta tábhachtach eile is ea an lá a scaoiltear le torthaí na hArdteistiméireachta - tharla 6.2% de na cionta go léir a bhain le hAlcól a Cheannach/a Ól i measc daoine faoi 18 mbliana d'aois agus 4.4% de na cionta Meisce go léir le cúig bliana anuas ar an lá seo.

## Ciontú i measc ban:

Tá méadú ag teacht ar líon na gciontóirí baineanna agus bhí méadú 10% tagtha air in 2017 aníos go dtí 2,746 cé gur tháinig méadú 3% ar chiontóirí fireanna aníos go dtí 7,136 (bunaithe ar cathain a tharla an teagmhas). Ba mhná 25% de chiontóirí in 2003, tháinig méadú in 2017 ar an gcomhréir seo aníos go dtí 28% - féach fíor 8 thíos.




*Fíor 8: Treocht mhíosúil sa chomhréir de chiontóirí baineanna ó 2003 go 2017 bunaithe ar cathain a tharlaíonn an cion.*

Is gnách go mbíonn saintréithe éagsúla ciontaithe ag ciontóirí baineanna ná ciontóirí fireanna.

Tá beagnach leath de na cionta go léir ina mbíonn baint ag bean de shaghas ciona amháin, Goid ó Shiopa, ach i gcás fear, bíonn éagsúlacht níos mó ann sna coireanna ina mbíonn siad bainteach agus bhí 5 shaghas ciona i gceist le 50% de chiontú fireann – féach tábla 3 thíos.

| **Mná**<br>**Saghas Ciona (céimithe 2017)** | **Cionta** | **% de chionta Baineanna** | **% de gach** |
|---|---|---|---|
| 1. Ord Poiblí | 318 | 10% | 17% |
| 2. Goid ó Shiopa | 1,574 | 48% | 50% |
| 3. Díobháil Choiriúil | 150 | 5% | 12% |
| 4. Seilbh Shimplí | 66 | 2% | 6% |
| 5. Mionionsaí | 274 | 8% | 30% |
| 6. Bóthar Ginearálta | 40 | 1% | 7% |
| 7. Meisce | 224 | 7% | 33% |
| 8. Buirgléireacht | 27 | 1% | 6% |
| 9. Foghail | 67 | 2% | 14% |
| 10. Arm Ionsaitheach a Shealbhú | 21 | 1% | 6% |
| **Iomlán** | **3,266** | **100%** | **22%** |

| **Fir**<br>**Saghas Ciona (céimithe 2017)** | **Cionta** | **% de chionta fireanna** | **% de gach** |
|---|---|---|---|
| 1. Ord Poiblí | 1,583 | 13% | 83% |
| 2. Goid ó Shiopa | 1,578 | 13% | 50% |
| 3. Díobháil Choiriúil | 1,106 | 9% | 88% |
| 4. Seilbh Shimplí | 985 | 8% | 94% |
| 5. Mionionsaí | 644 | 5% | 70% |
| 6. Bóthar Ginearálta | 543 | 5% | 93% |
| 7. Meisce | 464 | 4% | 67% |
| 8. Buirgléireacht | 424 | 4% | 94% |
| 9. Foghail | 415 | 4% | 86% |
| 10. Arm Ionsaitheach a Shealbh | 344 | 3% | 94% |
| **Iomlán** | **11,753** | **100%** | **78%** |

*Tábla 3: Na 10 saghas ciona is mó i measc ban (ar chlé) agus fear (ar dheis) ina léirítear líon na gcionta a bhí ag tarlú in 2017, comhréir na gcionta baineanna nó fireanna go léir a bhí i gceist le coir ar leith agus comhréir theagmhais go léir an tsaghais sin choire ar leith. Mar shampla, tá Ord Poiblí ar an dara saghas coire is coitianta i measc ógchiontóirí baineanna, b'ionann é agus 10% de chionta baineanna in 2017 agus bíonn baint ag mná i 17% de theagmhais Oird Phoiblí atá nasctha le leanaí.*


Ar an iomlán, bhí ógchiontóir baineann i gceist le 22% de na cionta in 2017, ach bhí nach mór leath de gach Goid ó Shiopa, Alcól a Cheannach/a Ól ag duine 18 mbliana d'aois agus cionta Calaoise/Dallamullóg nasctha le bean. Ar an taobh eile den phingin, bíonn baint níos ísle ag mná, ar an meán, i gcionta Oird Phoiblí (17%), Díobhála Coiriúla (12%), Foghla (14%) agus Seilbhe Simplí ná mar a bhíonn fir (6%).

Is dóchúla gur ciontóirí aonuaire a bheidh i gciontóirí baineanna ná fir, 78% in aghaidh 61% - féach tábla 4 thíos. I measc na gciontóirí is ilghníomhaí, ní raibh ach 1.4% de mhná nasctha le deich gcion nó ní ba mhó i gcaitheamh na gcúig bliana ó 2013 go 2017 i gcomparáid le 4.9% d'fhir.

| Iomlán na gcionta 2013-17 | Chiontóir í Aonuaire | Breis agus 10 n-uaire |
|---|---|---|
| Mná | 78% | 1.4% |
| Fir | 61% | 4.9% |

*Tábla 4: Rátaí ciontaithe i measc ciontóirí baineanna agus fireanna ina léirítear an % de chiontú sna 5 bliana ó 2013 go 2017, agus iad siúd a bhí nasctha le 10 gcion nó ní ba mhó i gcaitheamh na tréimhse seo.*

Is é meánaois na gciontóirí baineanna 15.5 bliain, atá níos óige ná fir (16.2 bliain d'aois). Tá 38% de chiontóirí baineanna faoi 15 bliana d'aois, i gcomparáid le 26% de chiontóirí fireanna. Is éagsúil go mór an phróifíl aoise, chomh maith, idir fir agus mná (fíor 9 thíos), ach nuair a chuirtear an chomhréir ard de mhná atá nasctha le ciontú Gada ó Shiopa (tábla 3) agus an phróifíl aoise don saghas seo ciona (fíor 5), níl seo gan choinne.




*Fíor 9: Próifíl aoise chiontóirí baineanna agus fireanna do chionta a tharla in 2017.*

Bíonn dóchúlacht i bhfad níos mó ann, chomh maith, go dtabharfar Foláireamh Neamhfhoirmiúil do chiontóirí baineanna agus níl an dóchúlacht chéanna ann go measfar go bhfuil siad UTCO i gcomparáid le fir – féach tábla 5 thíos.

| Saghas an Chinnidh | Mná | Fir |
|---|---|---|
| Foláireamh Neamhfhoirmiúil | 73% | 49% |
| Foláireamh Foirmiúil | 11% | 23% |
| Mí-Oiriúnach sa Chás Seo Amháin | 10% | 15% |
| Gníomh ar Bith Breise | 3% | 5% |
| Eile | 3% | 7% |
| **Olliomlán** | **100%** | **100%** |

** Na chéad 6 mhí den bhliain*


*Tábla 5: Miondealú ar na comhréireanna de dhaoine aonair baineanna agus fireanna de réir cinntí a rinneadh bunaithe ar shonraí ó Eanáir go Meitheamh 2017.*

Ón anailís thuas, is dóchúil go mbíonn baint ag ciontóirí baineanna i gciontú Gada ó Shiopa, a bheith níos óige ná ciontóirí fireanna, bíonn dóchúlacht níos mó ann go mbeidh siad ina gciontóirí aonuaire agus is dóchúla go dtabharfar Foláireamh Neamhfhoirmiúil dóibh ná mar a thabharfar d'fhir.

Ag an am céanna, tá méadú ag teacht ar líon na gciontóirí baineanna le blianta beaga anuas. Bunaithe ar an anailís seo, méaduithe ar líon na gcinntí atreoraithe atá nasctha le Goid ó Shiopa is cúis le go leor den treocht mhéadaitheach seo.


### Mí-Oiriúnach sa Chás Seo Amháin:

Bhí laghdú ag teacht ar chinntí UTCO anuas ó 37.2% de na cinntí go léir in 2015 go dtí 30.8% sa chéad leath in 2017 – féach fíor 10 thíos.




*Fíor 10: Treochtaí cinnidh de réir na bliana a tharla an cion ó 2013 go 2017.*

I dtaobh líonta na ndaoine aonair a ndearnadh cinntí faoi atreorú óige ina leith, ba iad siúd ar tugadh Foláirimh Neamhfhoirmiúla dóibh an chomhréir ba mhó de chiontóirí (60%) sa chéad leath de 2017. Bhí an chomhréir seo ag dul i méid aníos ó 50.2% in 2014. Bhí laghdú ag teacht, ar an taobh eile den phingin, ar gcomhréir de chiontóirí a ndearnadh cinntí UTCO ina leith anuas ó 16.8% in 2013 go dtí 11.4% sa chéad leath in 2017 – féach fíor 11 thíos.




*Fíor 11: Treochtaí cinnidh de réir na bliana a tharla an cion ó 2013 go 2017.*

Is soiléir, ó fhíor 7 agus 8 thuas, go mbíonn ráta ciontaithe níos airde ag ciontóirí UTCO ná iad siúd atá nasctha le saghas ciona eile. Ní bhíonn an tsaintréith seo de chiontóirí UTCO i gceist i gcónaí, áfach. Mar shampla, ní dhearna ach 28% de chiontóirí UTCO in 2017 ciontú ach uair amháin idir 2013 agus 2017 – féach tábla 6 thíos.

| Saghas Ciona | 1 Uair | 2-5 hUaire | 6-10 nUaire | Breis agus 10 n-uaire | Daoine Aonair Iomlána |
|---|---|---|---|---|---|
| Goid ó Shiopa | **37%** | 13% | 9% | 40% | **35%** |
| Cionta Oird Phoiblí | 9% | 10% | 17% | 63% | 24% |
| Coiriúil Díobháil (seachas trí Thine) | 7% | 13% | 13% | 66% | 18% |
| Seilbh Shimplí | 4% | 7% | 16% | 73% | 14% |
| Mionionsaí | 5% | 19% | 16% | 60% | 13% |
| Buirgléireacht | 4% | 10% | 12% | 74% | 12% |
| Ionsaí is Cúis le Díobháil | 13% | 21% | 32% | 34% | 9% |
| Cionta Ginearálta Bóthair | 5% | 6% | 18% | 71% | 9% |
| Goid (Eile) | 5% | 8% | 11% | 76% | 9% |
| Foghail i gClós nó Cúirtealáiste | 8% | 15% | 12% | 64% | 8% |
| **Foriomlán** | **28%** | **18%** | **17%** | **37%** | **100%** |

*Tábla 6: Miondealú ar chiontóirí UTCO in 2017 de réir shaghas an chiona agus an ráta ciontaithe. Ní dhearna 28% de chiontóirí UTCO ciontú ach uair amháin i gcaitheamh na tréimhse 5 bliana ó 2013 go 2017, agus bhí 37% nasctha le breis agus 10 gcion i gcaitheamh na tréimhse ama seo. Is é Goid ó Shiopa an cion is coitianta atá nasctha le ciontóirí UTCO agus bhí 35% bainteach sa choir seo in 2017. Ní dhearna 37% de na ciontóirí Gada ó Shiopa ciontú ach uair amháin i rith na tréimhse 5 bliana ó 2013 go 2017, agus bhí 40% de chiontóirí nasctha le breis agus 10 gcion de shaghas ar bith i gcaitheamh na tréimhse ama seo.*

Tugann an chomhréir nach beag de chiontóiríof UTCO aonuaire le fios go bhfuil cúiseanna ann, nach mbaineann le bheith i do chiontóir ilghníomhach, go ndéantar cinneadh UTCO i dtaobh duine óg. Ba é an chúis go ndearnadh an cinneadh UTCO nár admhaigh an ciontóir amhrasta go ndearna sé/sí an cion, gur fhág sé/sí an dlínse agus nach raibh ar chumas na nGardaí teagmháil a dhéanamh leis/léi.

Mar shampla, ba mhic léinn teanga ón Spáinn, an Iodáil agus an Fhrainc 111 ciontóir aonuaire nó 72% de dhaoine aonair a rinne ciontú aonuaire UTCO a bhí nasctha le Goid ó Shiopa a ndearnadh an cinneadh seo ina dtaobh mar gheall gur 'fhág siad an dlínse'.

Ar an iomlán, tá 'níor glacadh le freagracht' curtha i gcuntas in Atreorú an Duine Óig i measc 27% de chinntí UTCO – féach tábla 7 thíos.


| Ráta Ciontaithe (2013-2017) | Níor glacadh leo | Glacadh leo |
|---|---|---|
| 1 Uair | 14% | 86% |
| 2-5 hUaire | 32% | 68% |
| 6-10 nUaire | 29% | 71% |
| Breis agus 10 n-uaire | 28% | 72% |
| **Foriomlán** | **27%** | **73%** |

*Tábla 7: Comhréireanna de chinntí UTCO nach admhaíonn an duine óg go ndearna sé/sí an cion, miondealaithe de réir ráta ciontaithe.*

Treochtaí i gcionta Tromchúiseacha agus Tionchair:

Sa mhír seo, déantar anailís ar ghrúpaí ciona níos tromchúisí agus caitear súil ar shaintréithe ógchoireachta agus na ógchiontóirí a bhíonn bainteach.

Tá méadú 34% tagtha ar chiontú a bhaineann le Drugaí in 2017 i gcomparáid le 2016 agus tá méadú 27% tagtha ar Airm/Pléascáin agus ta méadú 71% tagtha ar Dhúnbhású agus cionta gaolmhara cé go bhfuil na líonta íseal i ndiaidh gur cuireadh 24 cion i gcuntas in 2017 - féach fíor 12 thíos. Tá laghdú tagtha ar chatagóirí eile de chiontú tromchúiseach in 2017.




*Fíor 12: Treochtaí sa ghrúpa ciontaithe thromchúisigh ó 2013 go 2017 ina dtaispeántar an % d'athrú sa ghluais ó 2016 go 2017.*

Cionta dúnbhásaithe agus gaolmhara:

| Grúpa / Saghas Ciona | 2017 | % den Ghrúpa | % Athrú |
|---|---|---|---|
| **Cionta dúnbhásaithe agus gaolmhara** | **24** | **100%** | **+71%** |
| Dúnmharú - Bagairt | 21 | 88% | +62% |
| Dúnmharú - Iarracht | 1 | 4% | --- |
| Dúnorgain | 1 | 4% | --- |
| Dúnmharú | 1 | 4% | +0% |

*Tábla 8: Taispeántar anseo líon na gcionta a tharla in 2017, an sciar céatadánach de chionta Dúnbhásaithe agus gaolmhara agus an % d'athrú i gcomparáid le 2016.*

Is iad bagairtí dúnmharaithe an cion Dúnbhásaithe agus gaolmhar is coitianta i measc daoine faoi 18 mbliana d'aois agus, cé gurb íseal don líon díobh a thiteann amach, tá méadú substainteach 625 tagtha orthu in 2017 - tá méadú 26% tagtha ar an saghas seo coire i measc ciontóirí ar aois ar bith in 2017. D'eascair UTCO as 12 de na 21 teagmhas bagartha dúnmharaithe.

Ba mhná beirt de na 22 ciontóir, bhí seachtar díobh 15 bliana d'aois nó níos óige.

I bhformhór na gcásanna, 58%, bhí ciontóir Fireann agus páirtí díobhálaithe Fireann i gceist, in 34% de na teagmhais in 2017, dhírigh ciontóir Fireann ar íospartach Baineann.

Ní tharlaíonn na teagmhais sna cathracha amháin agus tharla siad fud fad na tíre – féach tábla 9 thíos.

| Dúnmharú - Bagai | 2017 |
|---|---|
| RCBÁC Thiar | 3 |
| Luimneach | 3 |
| Roinn Lú | 3 |
| RCBÁC Theas | 2 |
| An Clár | 2 |
| RCBÁC Thuaidh | 1 |

| Dúnmharú - Bagairt | 2017 |
|---|---|
| Roinn na Gaillimhe | 1 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 1 |
| Roinn Ros Comáin/an Longfoirt | 1 |
| Sligeach/Liatroim | 1 |
| Tiobraid Árann | 1 |
| Roinn na hIarmhí | 1 |
| Roinn Loch Garman | 1 |

*Tábla 9: Rannáin inar tharla bagairtí Dúnmharaithe in 2017.*

Cionta Gnéasacha:

Ar an iomlán, bhí laghdú tagtha ar chionta gnéasacha in 2017 i gcomparáid le 2016, ach tá an grúpa coire seo thíos le tuairisciú moillithe agus bhain 79% de na hatreoruithe a cruthaíodh don ghrúpa seo in 2017 le cionta a tharla i mblianta roimh 2017 – féach tábla 10 thíos.

| Grúpa / Saghas Ciona | 2017 | % den Ghrúpa | % Athrú | 2016 | Cruthaíodh an t-atreorú in 2017, tharla an cion roimh 2017 | Meánaois Ciontóir Amhrasta | Meánaois Páirtí Díobhálaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cionta Gnéasacha** | **76** | **100%** | **-65%** | **216** | **79%** | **14.6 bl.** | **13.2 bl.** |
| Ionsaí Gnéasach | 40 | 53% | -66% | 119 | 82% | 15.4 bl. | 12.9 bl. |
| Pornagrafaíocht Leanaí | 17 | 22% | -35% | 26 | 59% | 14.2 bl. | 13.5 bl. |
| Éigniú | 14 | 18% | -64% | 39 | 80% | 16.0 bl. | 12.9 bl. |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006 | 5 | 7% | -82% | 28 | 86% | 16.7 bl. | 15.0 bl. |

*Tábla 10: Taispeántar sna colúin ghorma líon na gcionta a tharla in 2017, an sciar céatadánach de chionta Gnéasacha agus an % d'athrú i gcomparáid le 2016. Taispeántar an chomhréir de chionta a tharla roimh 2017, ach inar cruthaíodh an t-atreorú in 2017, sa chéad cholún eile – mar shampla, bhain 82% de na hatreoruithe a cruthaíodh in 2017 d'ionsaí gnéasach le teagmhais a tharla roimh 2017. Tá dath glas ar mheánaois na gciontóirí amhrasta agus na bpáirtithe díobhálaithe do na saghsanna coire ar leith.*


Is gnách go mbíonn ciontóirí agus páirtithe díobhálaithe a bhíonn bainteach sna cionta seo óg, mar shampla, in 2017, ba 15.4 bliain d'aois meánaois na gciontóirí Ionsaí Ghnéasaigh agus ba 12.9 bliain d'aois meánaois na bpáirtithe díobhálaithe.

Cé gur ciontóirí aonuaire an tromlach díobh, arb ionann iad agus 54% de dhaoine óga a bhí bainteach i gciontú gnéasach, athchiontóirí de shaghas éigin iad líon sách mór díobh. Bhí 29 de 63 (46%) de na ciontóirí nasctha le breis agus cion amháin d'aon saghas i gcaitheamh na tréimhse ó 2013 go 2017. Bhí 7 de na 63 ciontóir aonair (11%) a sainaithníodh in 2017 nasctha le breis agus cion gnéasach amháin i gcaitheamh na tréimhse 5 bliana seo.

Ba mhná 6 de na 22 duine a raibh amhras fúthu a bhí nasctha leis na cionta Pornagrafaíocht Leanaí agus tá 'Foirgneamh Scoile' curtha i gcuntas i measc 7 de na 17 dteagmhas mar shaghas na láithreach inar tharla an teagmhas.

Ionsaithe:

Is éagsúil don líon Ionsaithe le himeacht ama ó 2013 agus bhí 80 Mionionsaí, 25 Ionsaí is Cúis le Díobháil agus 4 chion maidir le hOifigeach Síochána a Ionsaí/a Bhac/a Chosc sa mhí ann ó 2013 – féach fíor 13 thíos. Níl aon phatrún comhsheasmhach ann a nascann mí nó séasúr le méaduithe ar theagmhais, ach bíonn comhghaol áirithe ann idir an lá sa tseachtain agus an uair sa lá, agus pléitear seo níos déanaí sa mhír. Léirítear sa laghdú suntasach ar líon na dteagmhas ag deireadh 2017 an t-am a d'fhéadfadh sé glacadh ar imscrúduithe ar ionsaí chun an ciontóir amhrasta a dheimhniú – i gcás Ionsaí is Cúis le Díobháil, is gnách go nglacann sé 30 lá idir an t-am a tharla an cion agus an t-am a cruthaíodh an t-atreorú. Is gnách gurb ionann an t-eatramh seo agus 9 lá i gcás Mionsaí. Léirítear an laghdú seo sa chomparáid bliain ar bhliain le 2016 – féach tábla 11 thíos.




*Fíor 13: Treochtaí míosúla ionsaí ó 2013 go 2017:*

| Offence Group / Type | 2017 | % of Group | % Change | 2016 | Offender - Injured Party | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Male-Male | Male-Female | Female-Female |
| **Assaults** | **1,234** | **100%** | **-13%** | **1,425** | | | |
| Assault Minor | 909 | 74% | -12% | 1,031 | 50% | 20% | 26% |
| Assault Causing Harm | 286 | 23% | -11% | 323 | 75% | 11% | 10% |
| Assault/Obstruction/Resist Arrest-Peace Officer | 39 | 3% | -45% | 71 | | | |

*Tábla 11: Miondealú ar Ionsaithe, comhréir na dteagmhas ina measc ina raibh fir agus mná bainteach.*

Is ciontóirí fireanna is mó a bhíonn i gceist le hIonsaí is Cúis le Díobháil - 89% agus mná iad 11% díobh. Mná iad 29% de chiontóirí Mionionsaí agus 24% de chiontóirí a dhéanann Oifigeach Síochána a Ionsaí/a Bhac/a Chosc. Bíonn ciontóir fireann agus páirtí díobhálaithe fireann i gceist le formhór, 75%, de na cionta Ionsaí is Cúis le Díobháil agus le leath de na teagmhais Mhionionsaí go léir. Bíonn ciontóir baineann agus páirtí díobhálaithe i gceist le 1 as 10 nIonsaí is Cúis le Díobháil a thiteann amach idir mhná, bíonn ciontóir baineann agus páirtí díobhálaithe i gceist leis an gceathrú cuid de Mhionionsaithe (tábla 11 thuas).

Ba í meánaois na gciontóirí a thug faoi Ionsaí is Cúis le Díobháil in 2017 17.5 bliain d'aois agus i dtaobh Mionionsaí, b'óige an mheánaois - 15.4 bliain d'aois. Is gnách go ndíríonn ciontóirí ar íospartaigh atá níos sine ná iad féin agus bhí íospartach a bhí ní ba shine ná an ciontóirí i gceist le 78% de na cionta Ionsaí is Cúis le Díobháil agus bhí an t-íospartach ní ba shine ná an ciontóir i 76% de na teagmhais Mhionionsaí. Faoi mar a luaitear thuas, níl aon phatrún suntasach ann maidir le cathain a tharlaíonn a cionta seo i dtaobh am na bliana, ach is gnách go dtugtar leibhéil níos airde de Mhionionsaí agus Ionsaí

is Cúis le Díobháil faoi deara ag amanna áirithe i rith na seachtaine – féach figiúr 14 thíos.

**Mionionsaí**

| Lá den tseacht | | Luan | Máir | Céad | Déar | Aoin | Sath | Domh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uair | | 14.3% | 13.3% | 14.0% | 13.7% | 14.8% | 15.6% | 14.3% |
| 0 | 4.0% | 0.5% | 0.3% | 0.3% | 0.6% | 0.5% | 0.7% | 1.2% |
| 1 | 2.6% | 0.3% | 0.1% | 0.3% | 0.3% | 0.3% | 0.6% | 0.8% |
| 2 | 2.6% | 0.3% | 0.2% | 0.2% | 0.3% | 0.2% | 0.6% | 0.8% |
| 3 | 1.4% | 0.2% | 0.1% | 0.2% | 0.1% | 0.2% | 0.1% | 0.6% |
| 4 | 0.8% | 0.1% | 0.1% | 0.1% | 0.1% | 0.1% | 0.1% | 0.2% |
| 5 | 0.4% | 0.0% | 0.0% | 0.0% | 0.0% | 0.0% | 0.1% | 0.1% |
| 6 | 0.4% | 0.0% | 0.1% | 0.1% | 0.0% | 0.0% | 0.1% | 0.0% |
| 7 | 0.4% | 0.1% | 0.1% | 0.0% | 0.0% | 0.0% | 0.0% | 0.1% |
| 8 | 1.5% | 0.4% | 0.3% | 0.2% | 0.2% | 0.2% | 0.0% | 0.1% |
| 9 | 2.5% | 0.6% | 0.4% | 0.4% | 0.5% | 0.2% | 0.3% | 0.1% |
| 10 | 2.2% | 0.5% | 0.3% | 0.5% | 0.3% | 0.2% | 0.2% | 0.0% |
| 11 | 3.8% | 0.7% | 0.6% | 0.6% | 0.5% | 0.6% | 0.3% | 0.4% |
| 12 | 3.9% | 0.6% | 0.7% | 0.5% | 0.9% | 0.5% | 0.4% | 0.3% |
| 13 | 5.8% | 0.9% | 1.3% | 1.0% | 0.9% | 0.9% | 0.4% | 0.5% |
| 14 | 5.3% | 0.7% | 0.8% | 1.1% | 0.8% | 0.6% | 0.6% | 0.6% |
| 15 | 6.4% | 1.2% | 0.8% | 0.9% | 0.9% | 1.0% | 0.9% | 0.7% |
| 16 | 8.4% | 1.3% | 1.3% | 1.4% | 1.4% | 1.0% | 1.0% | 1.1% |
| 17 | 7.1% | 1.0% | 0.9% | 1.1% | 1.0% | 1.0% | 1.3% | 0.9% |
| 18 | 7.2% | 0.9% | 1.1% | 1.1% | 0.8% | 1.0% | 1.3% | 1.0% |
| 19 | 7.2% | 1.1% | 0.8% | 0.8% | 0.9% | 1.0% | 1.3% | 1.2% |
| 20 | 7.4% | 0.8% | 0.9% | 1.1% | 1.0% | 1.1% | 1.6% | 1.1% |
| 21 | 7.2% | 0.8% | 0.9% | 0.8% | 0.7% | 1.4% | 1.5% | 1.0% |
| 22 | 5.9% | 0.8% | 0.6% | 0.7% | 0.7% | 1.3% | 1.0% | 0.7% |
| 23 | 5.7% | 0.6% | 0.5% | 0.7% | 0.7% | 1.2% | 1.2% | 0.8% |


**Ionsaí is Cúis le Díobháil**

| Lá den tseacht | | Luan | Máir | Céad | Déar | Aoin | Sath | Domh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uair | | 12.2% | 11.1% | 12.5% | 11.0% | 15.2% | 18.6% | 19.3% |
| 0 | 6.2% | 0.6% | 0.3% | 0.3% | 0.3% | 0.5% | 1.6% | 2.7% |
| 1 | 5.6% | 0.6% | 0.4% | 0.2% | 0.5% | 0.3% | 1.7% | 1.8% |
| 2 | 7.1% | 1.0% | 0.6% | 0.5% | 0.3% | 0.3% | 1.6% | 3.0% |
| 3 | 4.5% | 0.6% | 0.2% | 0.5% | 0.3% | 0.7% | 1.2% | 1.0% |
| 4 | 1.5% | 0.1% | 0.1% | 0.0% | 0.3% | 0.1% | 0.2% | 0.7% |
| 5 | 0.3% | 0.0% | 0.0% | 0.0% | 0.1% | 0.1% | 0.0% | 0.1% |
| 6 | 0.6% | 0.0% | 0.0% | 0.1% | 0.1% | 0.0% | 0.2% | 0.3% |
| 7 | 0.2% | 0.1% | 0.0% | 0.0% | 0.0% | 0.0% | 0.1% | 0.1% |
| 8 | 1.0% | 0.1% | 0.3% | 0.1% | 0.2% | 0.2% | 0.0% | 0.1% |
| 9 | 0.7% | 0.1% | 0.0% | 0.1% | 0.1% | 0.1% | 0.1% | 0.1% |
| 10 | 1.2% | 0.2% | 0.1% | 0.2% | 0.1% | 0.3% | 0.1% | 0.1% |
| 11 | 1.5% | 0.3% | 0.2% | 0.3% | 0.1% | 0.3% | 0.1% | 0.1% |
| 12 | 1.9% | 0.3% | 0.3% | 0.6% | 0.3% | 0.1% | 0.1% | 0.1% |
| 13 | 3.5% | 0.6% | 0.6% | 0.7% | 0.6% | 0.6% | 0.1% | 0.1% |
| 14 | 3.8% | 0.6% | 0.7% | 0.3% | 0.3% | 0.5% | 0.5% | 0.9% |
| 15 | 5.2% | 0.8% | 0.7% | 0.8% | 1.0% | 0.5% | 0.6% | 0.7% |
| 16 | 7.0% | 0.8% | 1.0% | 1.3% | 1.0% | 0.8% | 1.0% | 1.0% |
| 17 | 4.3% | 0.5% | 0.6% | 0.8% | 0.5% | 0.6% | 0.8% | 0.5% |
| 18 | 6.5% | 0.9% | 0.8% | 1.4% | 0.5% | 0.5% | 1.4% | 1.1% |
| 19 | 6.1% | 0.8% | 0.6% | 0.6% | 1.0% | 0.8% | 1.0% | 1.2% |
| 20 | 7.5% | 0.8% | 0.8% | 1.0% | 1.0% | 1.5% | 1.4% | 0.9% |
| 21 | 7.5% | 0.5% | 1.1% | 0.8% | 1.1% | 2.1% | 1.3% | 0.6% |
| 22 | 7.8% | 0.9% | 0.8% | 1.0% | 0.5% | 2.2% | 1.6% | 0.8% |
| 23 | 8.6% | 0.7% | 0.8% | 1.0% | 0.8% | 2.2% | 1.9% | 1.2% |

*Fíor 14: Léarscáil ama de Mhionionsaí agus Ionsaí is Cúis le Díobháil i dtaobh teagmhais a tharla ó 2013 go 2017.*

Is gnách go dtugtar faoi Ionsaí is Cúis le Díobháil idir 8pm agus 3am ag an deireadh seachtaine, a thugann le fios go bhfuil ceangal leis agus an geilleagar oíche. Thit 22% de na teagmhais Ionsaí is Cúis le Díobháil amach idir oíche Dé hAoine agus go luath ar an Satharn agus oíche Dé Sathairn agus go luath ar an Domhnach le 5 bliana anuas.

Is gnách go dtiteann Mionionsaí amach níos luaithe sa lá agus i rith na seachtaine go léir agus thit 445 de na teagmhais amach idir 4pm agus 10pm gach lá. Bhí 8% nó 24 teagmhas Ionsaí is Cúis le Díobháil agus 3% nó 28 cion Mionionsaí nasctha le scian cé acu san MO nó in insint an teagmhais in 2017 – féach fíor 15 thíos.





*Fíor 15: An Chomhréir d’Ionsaí is Cúis le Díobháil agus Mionionsaí ina dtugtar cuntas ar an scian a úsáid/láithreacht sceana in insint an teagmhais nó san MO, agus an chomhréir d’Arm Ionsaitheach a Shealbhú, nuair a bhíonn scian bainteach.*

Ag an am céanna, b'ionann Arm Ionsaitheach a Shealbhú ina raibh scian bainteach agus 57% den saghas seo coire a bhí nasctha le leanaí in 2017. Tugtar faoi deara, cé gur tháinig méadú 23% ar líon na gcionta seilbhe ina riabh scian bainteach in 2017 i gcomparáid le hiomlán 2016, tháinig laghdú 38% ar chionta Ionsaí is Cúis le Díobháil a bhí nasctha le scian.

Coireacht Réadmhaoine Fhoréigneach agus Tionchair:

Sa mhír seo, déantar scrúdú ar choireacht réadmhaoine fhoréigneach ina mbíonn leanaí bainteach. Caitear súil, chomh maith, ar bhuirgléireacht anseo mar gheall gur cion é ar féidir léi riosca méadaithe ciontaithe a thabhairt le fios i measc na ndaoine óga a bhíonn bainteach inti, faoi mar a thugann an anailís thíos agus obair eile, ar nós staidéar Greentown, le fios[1].




*Fíor 16: Treochtaí míosúla sna cionta is coitianta sa ghrúpa seo de choireanna réadmhaoine ó 2013 go 2017.*

Is minic go mbíonn breis agus ciontóir amháin bainteach sna teagmhais choireachta réadmhaoine. Bhain 2.0 ciontóir, ar an meán, in aghaidh an teagmhais, le cionta buirgléireachta in 2017 agus bhí 2.1 duine aonair, ar an meán, nasctha le cionta Robála ón Duine – féach an tábla thíos.

Chomh maith leis sin, ní dhéanann leanaí ciontú i gcónaí leo siúd atá ar comhaois leo. I gcás na gcoireanna réadmhaoine atá faoi thrácht anseo, bhí 14% de chomhchiontóirí 18 mbliana d'aois nó ní ba shine. Comhréir é seo atá i bhfad níos airde ná i dtaobh na gcionta go léir eile, ina raibh baint ag leanbh faoi 18 mbliana d'aois ag 7% de na cionta a rinne comhchiontú le duine níos sine.

| Grúpa / Saghas Ciona | 2017 | % den Ghrúpa | % Athrú | 2016 | Meánlíon na gciontóirí | Catagóir aois na gciontóirí Faoi 18 | 18 mbl.+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Coireacht Réadmhaoine Fhoréigneach** | **781** | **100%** | **-13%** | **902** | **1.9** | **1,240** | **195 (14%)** |
| Buirgléireacht | 438 | 56% | -9% | 481 | 2.0 | 727 | 115 (14%) |
| UT (Feithicil) | 187 | 24% | -14% | 218 | 1.6 | 259 | 42 (14%) |
| Robáil Duine | 119 | 15% | -22% | 153 | 2.1 | 203 | 28 (12%) |
| Bunaíocht / Institiúid a Robáil | 17 | 2% | -37% | 27 | 1.6 | 22 | 4 (15%) |
| Trombhuirgléireacht | 13 | 2% | +8% | 12 | 2.2 | 21 | 5 (19%) |
| Feithicil a Fhuadach | 7 | 1% | -36% | 11 | 1.3 | 8 | 1 (11%) |

*Tábla 12: Coireacht réadmhaoine Fhoréigneach agus Tionchair, an meánlíon ciontóirí in aghaidh an teagmhais agus an chomhréir de chiontóirí fásta a dhéanann comhchiontú le ógchiontóirí de réir shaghas na coire in 2017.*

[1] 'Lifting the lid on Greentown ' – 2016 *www.dcya.ie*

Fir den chuid is mó a bhíonn i gceist sna saghsanna seo de chion agus b'fhir a bhí bainteach i 94% de na teagmhais Bhuirgléireachta, 95% de na teagmhais UT (feithicil) agus 94% de na teagmhais Robála ón Duine.

Bíonn comhréireanna arda de chiontóirí ilghníomhach agus bhí 38% díobh siúd a bhí bainteach i mBuirgléireacht nó UT (feithicil) nasctha le deich gcion nó ní ba mhó idir 2013 agus 2017, agus cuimsítear beagán de bhreis ar leath na gciontóirí Robála ón Duine sa chatagóir ráta ardchiontaithe seo – féach tábla 13 thíos. Tá na rátaí ciontaithe seo i bhfad níos airde ná an meán 6% atá nasctha le 10 gcion nó níos mó i gcás ciontóirí óga, ar an iomlán.

| **Saghas Ciona** | **1 Uair** | **2-5 hUaire** | **6-10 nUaire** | **Breis agus 10 n-uaire** |
|---|---|---|---|---|
| Buirgléireacht | 22% | 24% | 16% | **38%** |
| Tógáil Neamhúdaraithe (Feithicil) | 17% | 27% | 18% | **38%** |
| Robáil ón Duine | 5% | 29% | 15% | **51%** |
| Bunaíocht / Institiúid a Robáil | 10% | 24% | 24% | **43%** |
| Trombhuirgléireacht | 12% | 24% | 18% | **47%** |
| Fuadach Urghabháil Neamhdhleathach feithicle/aerárt | 0% | 0% | 25% | **75%** |
| **Meán na gCiontóirí go léir 2017** | **58%** | **29%** | **6%** | **6%** |

*Tábla 13: Ráta ciontaithe ógchiontóirí atá nasctha le coireacht réadmhaoine fhoréigneach agus tionchair.*

Tá sa ghrúpa seo de chionta, ina theannta sin, comhréir i bhfad níos mó de chinntí UTCO ná i measc ógchiontóirí eile. In 2017, measadh go raibh 12% de dhaoine aonair, ar an iomlán, UTCO. Rinneadh moladh UTCO i measc 355 de chiontóirí Buirgléireachta – féach tábla 14 thíos.

| **Saghas Ciona** | **Neamhfhoirmiúil** | **Foláirea mh Foirmiúil** | **UTCO** | **Gníomh ar Bith Breise** | **Eile (aisiríoch)** |
|---|---|---|---|---|---|
| Buirgléireacht | 25% | 30% | **35%** | 2% | 8% |
| Tógáil Neamhúdaraithe (Feithicil) | 22% | 34% | **34%** | 1% | 9% |
| Robáil ón Duine | 0% | 23% | **66%** | 6% | 4% |
| Bunaíocht / Institiúid a Robáil | 0% | 50% | **50%** | 0% | 0% |
| Trombhuirgléireacht | 0% | 17% | **83%** | 0% | 0% |
| Fuadach Urghabháil Neamhdhleathach feithicle/aerárt | 0% | 0% | **100%** | 0% | 0% |
| **Meán na gCiontóirí go léir 2017** | 59% | 17% | **12%** | 4% | 2% |

*Tábla 14: Comhréir na n-ógchiontóirí a sainaithníodh in 2011 de réir shaghas an chinnidh.*

Cionta Drugaí:

Tá méadú suntasach tagtha ar chionta drugaí i measc daoine óga in 2017 agus tá méadú 33% tagtha ar Sheilbh Shimplí agus tá méadú 40% tagtha ar Dhíol/Sholáthar Drugaí i gcomparáid le figiúirí 2016 – féach tábla 15 thíos.

Tá méadú ar Chuardaigh ar Dhrugaí a rinneadh in 2017 mar chúis leis an méadú seo, go páirteach, ar dhaoine aonair faoi 18 mbliana d'aois. Tháinig méadú 8% ar líon na gcuardach i gcomparáid le 2016 (bhí daoine faoi 18 mbliana d'aois i gceist in 12% de na cuardaigh ar dhrugaí in 2017). Chomh maith leis sin, tháinig méadú aníos ó 6% go 8% ar an gcomhréir de Chionta Seilbhe Simplí i gcomparáid le Cuardaigh ar Dhrugaí idir 2016 agus 2017. Is fiú a thabhairt faoi deara gurbh ionann an chomhréir fhoriomlán de theagmhais Seilbhe Simplí i gcomparáid le Cuardaigh ar Dhrugaí a rinneadh ar dhaoine aonair ar aois ar bith in 2017 agus 18% - bíonn dóchúlacht breis agus 50% ann go bhfuil cion seilbhe déanta ag duine tar éis cuardach a dhéanamh orthu nuair a dhíríonn cuardach ar dhuine óg i gcomparáid le cuardaigh ar dhrugaí go ginearálta.

| Grúpa / Saghas Ciona | 2017 | % den Ghrúpa | % Athrú | 2016 | Meánaois |
|---|---|---|---|---|---|
| **Drugaí** | **1,361** | **100%** | **+34%** | **1,013** | 16.8 bl. |
| Seilbh Shimplí | 1,048 | 77% | +33% | 786 | 16.8 bl. |
| Díol/Soláthar Drugaí | 259 | 19% | +40% | 185 | 16.7 bl. |
| Bac faoin Acht Drugaí | 53 | 4% | +39% | 38 | 16.6 bl. |
| Drugaí a Shaothrú nó a Dhéantúsú | 1 | 0% | -75% | 4 | 17.9 bl. |
| ***Cuardaigh Dhrugaí (faoi 18)*** | ***13,593*** | ***12%*** | ***+8%*** | ***12,597*** | 16.0 bl. |

*Tábla 15: Taispeántar anseo miondealú ar chionta Drugaí, meánaois daoine óga a bhí bainteach ina measc.*

Cóir a bheith 17 mbliana d'aois é meánaois chiontóirí sa ghrúpa seo agus ciontóirí fireanna é formhór mór na gciontóirí – ciontóirí fireanna a rinne 94% de na ciontóirí Seilbhe Simplí agus 98% de na cionta Díola/Soláthair in 2017.

Luibh Channabais is mó a bhíonn i gceist leis na cionta Seilbhe Simplí. Bhí luibh channabais bainteach i 78% de na teagmhais in 2017, agus bhí Cócaon ar an dara druga ba choitianta (6%). Is é luibh channabais an druga is minice a bhíonn nasctha le cionta Drugaí a Dhíol/a Sholáthar agus bhí sí i gceist in 47% de na cionta agus is é Cócaon an dara saghas is coitianta de dhruga agus bhí se i gceist in 13% de na teagmhais in 2017.

| Saghas an Druga | Díol/Soláthar Drugaí |
|---|---|
| Luibh Channabais | 47% |
| Cócaon | 13% |
| Táibléid | 11% |
| Hearóin (Démhoirfín) | 9% |
| Cnagchócaon | 4% |

| Saghas an Druga | Seilbh Shimplí |
|---|---|
| Luibh Channaba | 78% |
| Roisín Cannabai | 5% |
| Cócaon | 6% |
| Eacstais | 4% |
| Táibléid | 2% |

*Tábla 16: Saghsanna Drugaí atá nasctha le cionta ina raibh daoine faoi 18 mbliana d'aois bainteach in 2017.*

## Torthaí bunaithe ar an 1ú cion:

Cruthaíodh atreorú óige do 38,141 leanbh, ar an iomlán, sa tréimhse ó 2013 go 2016, agus glacadh 75% díobh siúd a atreoraíodh ar an gclár athstiúrtha bunaithe ar a gcéad atreorú. Nuair a chaitear súil ar an 'ráta ciontaithe saoil' (an líon iomlán cionta a rinneadh idir 2013 agus 2017), léirítear nach n-athchiontaíonn nach mór dhá thrian díobh siúd a raibh Foláireamh Neamhfhoirmiúil nó Foirmiúil mar an gcéad chinneadh a rinneadh ina leith – féach tábla 17 thíos. Tá difríocht idir Foláirimh Neamhfhoirmiúla agus Fhoirmiúla, áfach, agus ní athchiontaíonn comhréir níos mó díobh siúd a dtugtar Foláireamh Neamhfhoirmiúil dóibh, 66%, ná iad siúd a dtugtar Foláireamh Foirmiúil dóibh, 49%.

| Ráta Ciontaithe Saoil | Foriomlán | Foláireamh Neamhfhoirmiúil | Foláireamh Foirmiúil | Neamhfhoirmiúil agus Foirmiúil | Mí-Oiriúnach sa Chás Seo Amháin |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 Uair | **62%** | **66%** | **49%** | **64%** | **44%** |
| 2-5 hUaire | 28% | 27% | 34% | **28%** | 32% |
| 6-10 nUaire | 5% | 4% | 9% | **5%** | 11% |
| Breis agus 10 n-uaire | **5%** | **3%** | **8%** | **4%** | **14%** |

*Tábla 17: Ráta ciontaithe i gcaitheamh na tréimhse ó 2013 go 2017 de réir shaghas an chéad chinnidh a fuair an duine óg – 'lactar le 'Foirmiúil agus Neamhfhoirmiúil' ar an gClár Athstiúrtha.*

Níor lean ach 3% díobh siúd ar tugadh Foláireamh Neamhfhoirmiúil dóibh mar a gcéad atreorú ar aghaidh le 10 gcion nó ní ba mhó a dhéanamh, i gcomparáid le 8% ar tugadh Foláireamh Foirmiúil agus 14% a ndearnadh UTCO ina leith mar a gcéad atreorú. Is é Goid ó Shiopa an cion ba choitianta a bhí nasctha le ciontóirí aonuaire ar glacadh leo isteach sa Chlár Athstiúrtha idir 2013 agus 2017, arbh ionann sin agus 30% de na cionta a bhí nasctha leis an gcohórt ciontaithe seo – féach tábla 18 thíos. Tá comhréir an-ard 76% i gceist leis na ciontóirí aonuaire seo de na ciontóirí atá nasctha le ciona Gada ó Shiopa i gcaitheamh na tréimhse seo.

| Saghas Ciona | 1 Uair 2013-2017 | chiontóirí Aonuaire | % de gach Ciontóir |
|---|---|---|---|
| Goid ó Shiopa | 5,777 | 30% | 72% |
| Cionta Oird Phoiblí | 2,825 | 14% | 65% |
| Foghail i gClós nó Cúirtealáiste | 1,224 | 6% | 61% |
| Coiriúil Díobháil (seachas trí Thine) | 1,079 | 6% | 56% |
| Cionta Meisce | 1,515 | 8% | 81% |

*Tábla 18: Taispeántar anseo na 5 chion ba mhó ina raibh ciontóirí bainteach, anuas ar an líon daoine aonair*


Ciontóirí aonuaire iad an tríú cuid de dhaoine aonair atá nasctha le cionta Oird Phoiblí agus ciontóirí aonuaire iad leath díobh siúd atá nasctha cionta Meisce ar tugadh Foláireamh Neamhfhoirmiúil nó Foirmiúil dóibh. Féadfaidh cionta áirithe, nuair a dhéantar iad mar an gcéad chion, rátaí arda ciontaithe ina dhiaidh sin a thabhairt le fios i measc na ndaoine óga a bhíonn bainteach - mar shampla, leanann 17% díobh siúd a bhíonn nasctha le cion Robála ón Duine mar a gcéad chion ar aghaidh le 10 gcion nó níos mó a dhéanamh fad a bhíonn siad faoi 18 mbliana d'aois – féach an tábla thíos.

| Saghas Ciona | % os cionn 10 n-uaire | Saghas Ciona | % os cionn 10 n-uaire |
|---|---|---|---|
| Robáil ón Duine | 17% | Éigniú Mná | 11% |
| Goid ó M.P.V. | 17% | UT (Rothar) | 11% |
| Goid ón Duine | 15% | Buirgléireacht | 10% |
| Cur Isteach ar Mheicníocht MPV | 14% | UT (Feithicil) | 10% |
| Earra a Shealbhú (Buirgléireacht/Goid) | 13% | Réadmhaoin Ghoidte a Láimhseáil/a Shealbhú | 8% |

*Tábla 19: Na cionta is coitianta i measc ciontóirí a rinne breis agus 10 gcion idir 2013 agus 2017.*


Treochtaí daonra óige:

Tá méadú 5% tagtha ar an daonra daoine idir 12 agus 17 mbliana ó 2013 go 2017, ach tháinig laghdú 13% ar líon na leanaí a atreoraíodh i gcaitheamh na tréimhse seo. Tá súil leis go mbeidh méadú 9% tagtha ar an daonra idir 12 agus 17 mbliana d'aois sna chéad 5 bliana eile amach romhainn a fhad le 2022. Ní soiléir, áfach, cé acu an n-eascróidh méadú ar na líonta a thugann faoi choireacht, chomh maith, as an méadú seo ar na líonta de dhaoine óga.




*Fíor 17: Próifíl aoise ó 10 go 30 bliain d'aois don bhliain 2012, 2017 agus 2022 bunaithe ar shonraí Daonáirimh an POS.*

Aguisín 1: Atreoruithe UTCO





Léarscáil de dhaoine aonair UTCO do na 5 bliana 2013-2017.

| Réigiún | Roinn | Ceantar | Stáisiún | Iomlán 5 bliana | 2017 | 2016-2017 % Athrú | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Réigiún Bhaile Atha Cliath | RCBAC Theas | Tamhlacht | Tamhlacht | 524 | 90 | -25% | 120 |
| Réigiún Bhaile Atha Cliath | RCBAC Thiar | Leamhcán | Baile Uí Rónáin | 241 | 44 | -2% | 45 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thiar | Baile Bhlainséir | Baile Bhlainséir | 240 | 46 | -25% | 61 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thiar | Baile Bhlainséir | Fionnghlas | 195 | 26 | -26% | 35 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh | Baile Munna | Baile Munna | 179 | 28 | 8% | 26 |
| Réigiún Theas | Cathair Chorcaí | Garrán na mBráthar | Garrán na mBráthar | 177 | 19 | -39% | 31 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh | An Chúlóg | An Chúlóg | 175 | 27 | -39% | 44 |
| Réigiún Theas | Luimneach | Bóthar Roxboro | Bóthar Roxboro | 156 | 27 | 23% | 22 |
| Réigiún Thoir Theas | Roinn Phort Láirge | Port Láirge | Port Láirge | 150 | 26 | -19% | 32 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas | Cromghlinn | Bóthar Ghrianréime | 129 | 23 | 5% | 22 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh Láir | Sráid Mhic Giobúin | Sráid Mhic Giobúin | 114 | 15 | -21% | 19 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thiar | Cluain Dolcáin | Baile Formaid | 114 | 14 | -39% | 23 |
| Réigiún Thiar | Roinn na Gaillimhe | Gaillimh | Gaillimh | 110 | 25 | 47% | 17 |
| Réigiún Thuaidh | Roinn Lú | Dún Dealgan | Dún Dealgan | 106 | 18 | 0% | 18 |
| Réigiún Theas | Luimneach | Sráid Anraí | Páirc Chloch an Mhéara | 104 | 24 | 41% | 17 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thoir | Dún Laoghaire | Seanchill | 102 | 15 | -32% | 22 |
| Réigiún Thoir | Roinn na Mí | An Uaimh | An Uaimh | 100 | 18 | 29% | 14 |
| Réigiún Thuaidh | Roinn Lú | Droichead Átha | Droichead Átha | 100 | 18 | -31% | 26 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh | Baile Brigín | Baile Brigín | 98 | 21 | -22% | 27 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh Láir | Bridewell Baile Átha Cliath | Bridewell Baile Átha Cliath | 97 | 14 | -7% | 15 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas | Cromghlinn | Cromghlinn | 94 | 13 | -32% | 19 |
| Réigiún Theas | Cathair Chorcaí | Baile na mBocht | Bóthar Chúrsa an Uisce | 94 | 11 | -27% | 15 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thoir | Dún Laoghaire | Cábán tSíle | 93 | 19 | 90% | 10 |
| Réigiún Thiar | An Clár | Inis | Inis | 91 | 13 | -48% | 25 |
| Réigiún Theas | Luimneach | Sráid Anraí | Sráid Anraí | 88 | 6 | -14% | 7 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas | Tamhlacht | Ráth Fearnáin | 87 | 16 | -27% | 22 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas Láir | Sráid Chaoimhín | Cill Mhaighneann | 86 | 13 | -7% | 14 |
| Réigiún Thoir | Laois/Uíbh Fhailí | Port Laoise | Port Laoise | 83 | 13 | -7% | 14 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thiar | Cluain Dolcáin | Cluain Dolcáin | 79 | 12 | -33% | 18 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh Láir | Sráid an Stórais | Sráid an Stórais | 78 | 24 | 140% | 10 |
| Réigiún Thoir | Roinn Chill Mhantáin | Bré | Bré | 78 | 11 | -8% | 12 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thoir | An Charraig Dhubh Contae Bhaile Átha Cliath | Dún Droma | 76 | 15 | -17% | 18 |
| Réigiún Thuaidh | Sligeach/Liatroim | Sligeach | Sligeach | 76 | 8 | -11% | 9 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh | An Chúlóg | Sord | 75 | 13 | 18% | 11 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas Láir | Sráid Chaoimhín | Sráid Chaoimhín | 71 | 9 | -10% | 10 |
| Réigiún Theas | Ciarraí | Trá Lí | Trá Lí | 69 | 6 | -57% | 14 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thiar | Leamhcán | Leamhcán | 66 | 14 | -7% | 15 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thiar | Baile Bhlainséir | An Chabrach | 64 | 10 | -38% | 16 |
| Réigiún Thoir | Roinn na hIarmhí | An Muileann gCearr | An Muileann gCearr | 63 | 16 | 33% | 12 |
| Réigiún Theas | Cathair Chorcaí | Sráid Anglesea | An Dúchharraig Contae Chorcaí | 62 | 11 | 57% | 7 |
| Réigiún Thoir Theas | Cill Chainnigh/Ceatharlach | Ceatharlach | Ceatharlach | 61 | 7 | -42% | 12 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas Láir | Sráid an Phiarsaigh | Sráid an Phiarsaigh | 59 | 14 | 8% | 13 |
| Réigiún Thoir | Roinn na hIarmhí | Baile Átha Luain | Baile Átha Luain | 58 | 8 | -20% | 10 |
| Réigiún Thoir Theas | Roinn Phort Láirge | Dún Garbhán | Dún Garbhán | 56 | 3 | -40% | 5 |
| Réigiún Thuaidh | Dún na nGall | Leitir Ceanainn | Leitir Ceanainn | 55 | 8 | 60% | 5 |
| Réigiún Theas | Cathair Chorcaí | Baile na mBocht | Baile na mBocht | 54 | 8 | -43% | 14 |
| Réigiún Thiar | Roinn na Gaillimhe | Bóthar na Trá | Bóthar na Trá | 54 | 4 | -73% | 15 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh Láir | Sráid Mhic Giobúin | Muinseo | 53 | 5 | -50% | 10 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thoir | Dún Laoghaire | Dún Laoghaire | 52 | 5 | 67% | 3 |
| Réigiún Thoir | Roinn Chill Dara | Cill Dara | Droichead Nua | 52 | 13 | 0% | 13 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh | Baile Munna | Seantrabh | 49 | 13 | 63% | 8 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh | Ráth Eanaigh | Ráth Eanaigh | 43 | 6 | -14% | 7 |
| Réigiún Thuaidh | An Cabhán/Muineachán | Muineachán | Muineachán | 42 | 16 | 60% | 10 |
| Réigiún Theas | Corcaigh Thuaidh | Mala | Mala | 41 | 6 | -33% | 9 |

Focheantair UTCO ina ndearnadh breis agus 40 cinneadh UTCO le 5 bliana anuas.

Aguisín 2: Cionta Tionchair:




Líon iomlán na gcionta tionchair ó 2013-2017 (Buirgléireacht, Ionsaí is Cúis le Díobháil, Drugaí a Dhíol/a Sholáthar, Robáil ón Duine agus Robáil ó Bhunaíocht/Institiúid).

| Réigiún | Roinn | Ceantar | Stáisiún | Buirgléireacht | | Ionsaí is Cúis le Díobháil | | Seilbh Drugaí lena ndíol nó soláthar | | Robáil ón Duine | | Bunaíocht / Institiúid a Robáil | | Iomlán 5 bliana |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 2017 | % athrú | 2017 | % athrú | 2017 | % athrú | 2017 | % athrú | 2017 | % athrú | |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas | Tamhlacht | Tamhlacht | 19 | -30% | 10 | 11% | 12 | -45% | 2 | -60% | 0 | -100% | 486 |
| Réigiún Thuaidh | Roinn Lú | Droichead Átha | Droichead Átha | 17 | 0% | 0 | -100% | 5 | --- | 3 | 0% | 1 | -67% | 163 |
| Réigiún Thoir Theas | Roinn Phort Láirge | Port Láirge | Port Láirge | 8 | 100% | 3 | -25% | 1 | --- | 2 | -33% | 0 | --- | 152 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thiar | Leamhcán | Baile Uí Rónáin | 4 | -78% | 1 | -92% | 5 | 0% | 3 | -63% | 0 | -100% | 151 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh | Baile Munna | Baile Munna | 1 | 0% | 1 | -80% | 17 | 143% | 2 | 0% | 1 | --- | 130 |
| Réigiún Thuaidh | Roinn Lú | Dún Dealgan | Dún Dealgan | 4 | -56% | 5 | -17% | 1 | -80% | 2 | 0% | 0 | --- | 130 |
| Réigiún Theas | Luimneach | Bóthar Roxboro | Bóthar Roxboro | 10 | 67% | 1 | -91% | 3 | -40% | 4 | -20% | 0 | --- | 121 |
| Réigiún Thoir | Roinn na hIarmhí | Baile Átha Luain | Baile Átha Luain | 0 | -100% | 0 | -100% | 3 | --- | 0 | --- | 0 | -100% | 112 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thiar | Baile Bhlainséir | Baile Bhlainséir | 3 | -63% | 7 | 0% | 4 | 300% | 8 | 300% | 0 | --- | 108 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh | An Chúlóg | An Chúlóg | 4 | 33% | 3 | -25% | 7 | -36% | 1 | 0% | 0 | --- | 105 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thiar | Baile Bhlainséir | Fionnghlas | 1 | -75% | 3 | -25% | 6 | 100% | 3 | 200% | 1 | -50% | 105 |
| Réigiún Theas | Cathair Chorcaí | Garrán na mBráthar | Garrán na mBráthar | 6 | 200% | 2 | -78% | 1 | --- | 0 | -100% | 0 | --- | 97 |
| Réigiún Theas | Ciarraí | Trá Lí | Trá Lí | 1 | -67% | 2 | 100% | 2 | 0% | 0 | -100% | 0 | --- | 96 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh Láir | Sráid an Stórais | Sráid an Stórais | 3 | -40% | 3 | -50% | 15 | 150% | 4 | -67% | 0 | --- | 94 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas | Cromghlinn | Cromghlinn | 0 | -100% | 2 | -50% | 1 | -83% | 0 | --- | 3 | -63% | 88 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas | Tamhlacht | Ráth Fearnáin | 7 | 133% | 7 | 40% | 9 | 800% | 2 | 100% | 0 | --- | 88 |
| Réigiún Thoir | Roinn na Mí | An Uaimh | An Uaimh | 9 | 800% | 6 | 50% | 0 | -100% | 1 | -75% | 1 | --- | 87 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas Láir | Sráid Chaoimhín | Cill Mhaighneann | 5 | -38% | 1 | --- | 7 | 17% | 4 | -20% | 1 | 0% | 86 |
| Réigiún Theas | Luimneach | Sráid Anraí | Páirc Chloch an Mhéara | 6 | 100% | 5 | -62% | 8 | 60% | 3 | --- | 0 | --- | 79 |
| Réigiún Thiar | An Clár | Inis | Inis | 3 | -57% | 6 | 20% | 0 | --- | 0 | --- | 0 | --- | 77 |
| Réigiún Thiar | Roinn na Gaillimhe | Gaillimh | Gaillimh | 3 | -40% | 5 | 67% | 5 | 67% | 7 | 133% | 0 | --- | 77 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thoir | Dún Laoghaire | Seanchill | 4 | -33% | 2 | 0% | 1 | --- | 4 | 300% | 0 | --- | 76 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh Láir | Sráid Mhic Giobúin | Sráid Mhic Giobúin | 3 | -40% | 2 | 0% | 17 | 325% | 0 | -100% | 0 | --- | 71 |
| Réigiún Theas | Luimneach | Sráid Anraí | Sráid Anraí | 1 | -67% | 1 | -50% | 0 | -100% | 6 | --- | 0 | --- | 70 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thiar | Cluain Dolcáin | Cluain Dolcáin | 2 | -50% | 0 | -100% | 4 | 100% | 1 | -67% | 0 | -100% | 69 |
| Réigiún Thoir | Laois/Uíbh Fhailí | Port Laoise | Port Laoise | 1 | -90% | 1 | -67% | 0 | -100% | 1 | 0% | 0 | -100% | 67 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thoir | Dún Laoghaire | Dún Laoghaire | 3 | -25% | 0 | --- | 2 | 100% | 0 | --- | 0 | --- | 65 |
| Réigiún Thoir | Roinn Chill Mhantáin | Bré | Bré | 2 | -67% | 2 | -60% | 1 | -50% | 0 | -100% | 0 | --- | 65 |
| Réigiún Thoir Theas | Cill Chainnigh/Ceatharlach | Ceatharlach | Ceatharlach | 3 | -73% | 4 | 100% | 3 | 200% | 0 | --- | 0 | -100% | 64 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thiar | Cluain Dolcáin | Baile Formaid | 3 | -63% | 0 | -100% | 4 | 33% | 0 | -100% | 0 | --- | 63 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas Láir | Sráid Chaoimhín | Sráid Chaoimhín | 4 | -20% | 0 | -100% | 3 | 50% | 3 | 0% | 0 | --- | 62 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas | Cromghlinn | Bóthar Ghrianréime | 3 | -57% | 2 | -33% | 8 | --- | 1 | 0% | 0 | --- | 61 |
| Réigiún Thuaidh | Dún na nGall | Leitir Ceanainn | Leitir Ceanainn | 4 | -33% | 4 | 300% | 2 | 100% | 0 | -100% | 0 | --- | 61 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh | Baile Brigín | Baile Brigín | 1 | 0% | 7 | 600% | 0 | --- | 5 | -17% | 0 | --- | 56 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh | Baile Brigín | Lusca | 3 | -88% | 2 | 0% | 1 | 0% | 0 | -100% | 1 | 0% | 56 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thiar | Leamhcán | Leamhcán | 2 | --- | 1 | -90% | 2 | --- | 0 | -100% | 1 | --- | 56 |
| Réigiún Thoir | Roinn na hIarmhí | An Muileann gCearr | An Muileann gCearr | 2 | --- | 8 | 700% | 1 | -75% | 3 | --- | 0 | -100% | 56 |
| Réigiún Thuaidh | An Cabhán/Muineachán | An Cabhán | An Cabhán | 13 | --- | 6 | 100% | 0 | --- | 0 | --- | 0 | `` | 55 |
| Réigiún Thiar | Roinn na Gaillimhe | Bóthar na Trá | Bóthar na Trá | 2 | 0% | 2 | 100% | 2 | --- | 2 | 1 | 0 | --- | 55 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Theas Láir | Sráid an Phiarsaigh | Sráid an Phiarsaigh | 1 | 0% | 0 | -100% | 8 | 14% | 0 | -1 | 0 | --- | 51 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath | RCBÁC Thuaidh | Baile Munna | Seantrabh | 1 | 0% | 4 | 0% | 1 | --- | 3 | 0.5 | 1 | --- | 50 |

Focheantair ina ndearnadh 50 cion Tionchair nó ní ba mhó le cúig bliana anuas ó 2013 go 2017.